



Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health +
Social Care Professionals



Bliain Dul Chun Cinn agus Fáis

Tuarascáil Bhliantúil CORU, 2024



An Misean atá Againn

An pobal a chosaint ach iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a chur chun cinn i measc chláraithe na ngairmeacha ainmnithe

Clár

Ráiteas Chathaoirleach na Comhairle	2
Réamhrá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	4
Maidir le CORU	6
Tosaíochtaí Straitéiseacha 2024	9
Grafaic Eolais: CORU 2024 - Súil Siar ar an mBliain	24
Cláir CORU	29
Stádas Idirnáisiúnta	32
Comhlíonadh	34
An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh	36

Tuarascálacha Bliantúla 2024 na mBord Clárúcháin

1	Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe	39
2	Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine	42
3	Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde	46
4	An Bord Clárúcháin Súil-Liachta	49
5	Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí	53
6	Bord Clárúcháin na gCoslianna	57
7	Bord Clárúcháin na Radagrafaithe	61
8	Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh	65
9	Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha	68
10	Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga	72
11	Bord Clárúcháin Comhairleoirí agus Síciteiripeoirí	76
12	Bord Clárúcháin Síceolaithe	78

Aguisíní

Aguisín 1 - Ceapacháin chun na Comhairle	81
Aguisín 2 - Freastal ar chruinnithe na Comhairle	82
Aguisín 3 - Freastal ar chruinnithe na gCoistí	84

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais	86
-----------------------------------	----

Ráiteas Chathaoirleach na Comhairle



Rinne CORU dul chun cinn in 2024 mar chuid de mhisean na heagraíochta córas cúraim sláinte agus shóisialta a fhorbairt in Éirinn a bheidh níos sábháilte agus níos seasmhaí. Tá béim á leagan sa tuarascáil seo ar na héachtaí is tábhachtaí atá bainte amach ag CORU leis na gairmeacha cúraim sláinte agus shóisialta a neartú in Éirinn.

Tá freagracht mhór orainn i gcroílár na hoibre a dhéanaimid: ní mór dúinn a dheimhniú go mbeidh gach aon duine a shiúlfaidh isteach in ospidéal, clinic nó saoráid chúraim muiníneach as an duine a chuirfidh an cúram sin ar fáil ó thaobh an duine sin a bheith cáilithe, comhbhách agus dírithe ar fholláine úsáideoir na seirbhíse.

Tá fás i gcónaí ar an éileamh ar sheirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta. San am céanna, an cúram atá orainne ná féachaint chuige ionas go gcuirfear an cúram ar fáil ar na caighdeáin ghairmiúla is airde dá bhfuil ann, an cúram sin á chur ar fáil ag daoine atá iomlán cáilithe agus oilte lena leithéid a dhéanamh.

Bhain CORU garspíoc mhór amach in 2024, is é sin go raibh os cionn 30,000 cláraí ann den chéad uair. An líon daoine sin, tá níos mó i gceist ná go díreach an figiúr féin; pobal gairmithe atá ann, daoine a bhfuil gealltanas tugtha acu i leith caighdeáin arda agus chosaint an phobail. Garspíoc atá ann a thugann léargas ar fhairsinge na hoibre a dhéanaimid agus ar dhúthracht na ndaoine a mbímid ag freastal orthu.

An príomhdhualgas atá orainn ná cosaint an phobail, ach is maith a thuigimid an comhthéacs níos leithne a bhfuilimid ag obair ann. Tá na héilimh ar an gcóras cúraim sláinte agus shóisialta in Éirinn ag éirí níos mó i rith an ama. Is gá don chóras athrú agus forbairt má táthar chun freastal ar riachtanais an phobail, a bhíonn ag athrú. Tá a ról féin le comhlíonadh ag CORU, is é sin a shainchúram reachtúil a chomhlíonadh agus, ar a bharr sin, feidhmiú mar chomhpháirtí cuiditheach sa chóras go ginearálta.

Gné thábhachtach den tacaíocht a chuirimid ar fáil ná an ról atá againn féachaint chuige ionas go mbíonn gairmithe cumasacha cláraithe agus réidh le dul isteach sa lucht saothair gan aon mhoill gan chúis ann. Is riachtanach go mbeidh cleachtóirí cáilithe in ann clárú go pras agus ar bhealach sábháilte le go mbeifear in ann freastal ar an méadú ar na héilimh ar sheirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta na tíre.

Rinneadh athchóiriú mór chun éifeachta ar phróisis chlárúcháin CORU in 2024. Samplaí de na forbairtí sin ná iarrachtaí nua le dul chun cinn a dhéanamh ar iarratais easnamhacha chuig cláir a rinneadh le linn idirthréimhsí, soláthar scrúduithe don Mheasúnú ar Chumas Gairmiúil agus comhar i dtaca leis an athbheithniú ar nósanna imeachta oibríochta lárnacha. Tar a éis sin, cúis sásaimh dom gur féidir liom a thuairisciú go bhfuil an t-aga próiseála iarratais ar an meán laghdaithe faoina leath ó bhí 2023 ann. De réir mar atá cúrsaí i ndeireadh 2024, 52 lá ar an meán a thógann sé chun iarratais chun an chlár a phróiseáil.

Ceann de na spriocanna móra straitéiseacha atá ag CORU ná na cláir a oscailt do na gairmeacha ar fad atá ainmnithe faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú). Go dtí seo, táimid tar éis na cláir a oscailt i gcás dhá ghairm déag. Tá an obair fós ar bun i gcás na gcúig ghairm eile.

Tá ullmhúchán ar bun againn do bhliain eile agus súil chun cinn á caitheamh againn ar 2025. Ar a bharr sin, tá an bhunobair ar bun againn le go mbeidh córas cúraim sláinte agus shóisialta níos freagrúla againn, córas inar féidir le gach gairmí dul isteach sa lucht saothair gan stró.

Agus an dul chun cinn seo fós ar bun, táimid ag féachaint chomh maith ar bhealaí chun tacú leis na gairmeacha a ndéanaimid iad a rialú cheana féin le go mbeimid in ann freastal ar athruithe ó thaobh na riachtanas acu de. Tá an méid a bhí beartaithe de réir Sláintecare á chur i bhfeidhm ar an leibhéal is ísle ó thaobh castachta de agus gairmithe ag dul dá gcleachtadh go dtí an leibhéal is airde agus is fearr leo, de réir a saineolais. Rud riachtanach atá sa rialáil má tá an chumhacht le bheith ag gairmithe cur lena raon feidhme sa chleachtadh. Táimid díograiseach faoi dheiseanna a chur ar fáil don fhorbairt sin.

I gcomhar leis an Roinn Sláinte, tá comhairle rialála curtha ar fáil ag CORU faoi bhealaí ina bhféadfaí réimsí breisithe cleachtais a chur chun cinn agus tacú leo. Bhíomar ag obair go dlúth in 2024 le Grúpa Comhairleach Saineolaithe a thionóil an Roinn Sláinte le go bhféadfadh fisiteiripeoirí daoine a atreorú ar aghaidh le dul faoi ghnáthaimh raideolaíocha ina n-úsáidfí radaíocht ianúcháin. Leis sin a bhaint amach, b'éigean caighdeáin inniúlachta a leagan síos, an chéad chlár oideachais agus oiliúna d'atreoraithe fisiteiripeora a cheadú agus fodhlíthe cuí a ullmhú chun rannóg a shocrú i gclár na bhfisiteiripeoirí in 2025.

Ní bheadh cuid ar bith de na héachtaí atá bainte amach againn indéanta murach an tacaíocht atá againn ón dream dílis páirtithe leasmhara atá againn. Is riachtanach an méid a dhéanann siad d'fhonn príomhfhreagracht CORU a chomhlíonadh, is é sin an pobal a chosaint. Is mian liom buíochas ó chroí a ghlacadh leo siúd ar fad atá tar éis tacú linn ár misean a bhaint amach i mbliana.

Táim go mór faoi chomaoin ag na comhghleacaithe atá agam ar an gComhairle, ag na boird chlárúcháin agus ag na coistí. Déanann siad i bhfad níos mó ná mar is gá. An dícheall a léiríonn siadsan i leith mhisean CORU, gan stad gan staonadh, sa chúlra go minic, sin is mó atá taobh thiar d'aon éacht a bhainimid amach. Baicle 220 duine atá anseo, daoine a thugann a gcuid ama go fial flaithiúil sa dóigh is go mbeidh an cúram sláinte agus sóisialta níos sábháilte in Éirinn.

Comhpháirtí tábhachtach atá sa Roinn Sláinte i gcónaí. Táimid an-bhuíoch den Roinn as an tacaíocht i rith an ama. Gabhaim buíochas leis an iar-Aire Sláinte, Stephen Donnelly, as a dhílseacht do CORU fad a bhí sé in oifig. Táimid ag tnúth le bheith ag obair leis an Aire Jennifer Carroll MacNeill sna blianta atá romhainn.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt fosta don fhoireann feidhmiúcháin thar barr atá againn ag CORU. An saineolas atá acu, téann sé sin i bhfeidhm go dearfach go díreach ar na daoine ar fad atá faoi chúram gairmithe cúraim sláinte agus shóisialta in Éirinn. Glacaim buíochas ó chroí le gach duine acu as an dúthracht a léiríonn siad i rith an ama.

Cuireadh aistriú suntasach ceannaireachta i bhfeidhm in CORU in 2024. Is mian liom buíochas a ghabháil le Margaret Hynds O'Flanagan as an obair mhór a rinne sí mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin sna míonna i dtús na bliana. D'imir Sheila McClelland tionchar ar chúrsaí sa tréimhse ghairid a bhí aici mar POF, tionchar a mhairfidh i bhfad. Guímid gach uile rath uirthi sa ról úr atá aici mar POF Fiosrú, Oifig an Ombudsman Póilíneachta.

Cúis an-sásaimh dom i mí na Nollag go raibh mé in ann a fhógairt go raibh Claire O'Cleary ceaptha mar POF buan nua CORU. Agus a saol oibre caite aici ina gairmí cúraim sláinte, is maith a thuigean Claire an tábhacht a bhaineann le cosaint an phobail. Tá sí go hiomlán dírithe ar mhisean CORU a chur chun cinn. Guím gach uile rath uirthi agus í ag tabhairt faoin ról ceannaireachta.

Agus muid ag caitheamh súil chun cinn ar 2025, is mian liom aitheantas a thabhairt don 30,299 cláraí a dhéanann dífeall gach aon lá. Is mar gheall ar bhuir ndílseacht don obair ardchaighdeáin, don chúram agus do chosaint an phobail atá córas cúraim sláinte láidir againn. I dteannta a chéile, cuirfimid leis an neart sin don am atá le teacht.



Mo Flynn

Cathaoirleach

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Réamhrá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



Cúis an-sásaimh dom, i mo cháil mar an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Tuarascáil Bhliantúil 2024 CORU a chur faoi bhur mbráid. Is iomaí athrú suntasach a tháinig chun cinn in CORU in 2024.

Tagann forbairt ar an sainchúram reachtúil orainn bliain i ndiaidh bliana. Léiríú ar an méid sin atá sa mhéadú ar an líon cláraithe atá againn. Faoi dheireadh 2024, bhí 30,299 cláraí ag CORU. Méadú 12% é sin i gcomparáid le 2023. Measaimid go mbeidh tuilleadh fáis ann in 2025, an fás sin spreagtha ag an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh le go mbeidh níos mó gairmeacha ainmnithe á rialáil.

Agus fás beagnach 50% tagtha ar an líon cláraithe sna gairmeacha rialáilte againn ó bhí 2020 ann, tá fíis CORU á fíorú bunaithe ar dhul chun cinn soiléir ar féidir é a thomhas.

Tháinig borradh mór in 2024 faoin líon iarratas ar Chlár na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh. Fuarthas 2,283 iarratas air agus bhí 1,139 duine nua cláraithe air faoi dheireadh na bliana. Tá tús áite á thabhairt arís in 2025 don tacaíocht d'oibrithe cúraim shóisialaigh a gclárúchán a chur i gcrích sula dtagaimid chuig deireadh na hidirthréimhse clárúcháin an 30 Samhain 2025.

Ní bheadh CORU in ann na dualgais go léir atá orainn a chomhlíonadh gan an tacaíocht agus an treoir a fhaightear ó na Boird Chlárúcháin. Mar thoradh ar an saineolas a chuireann siad ar fáil dúinn, táimid in ann tabhairt faoi dhúshlán chasta ó thaobh na rialála de, dul chun cinn a dhéanamh ar chaighdeán ghairmiúla agus athruithe fiúntacha a chur i bhfeidhm chun an pobal a chosaint agus chun na gairmeacha atá á rialáil againn a láidriú.

Tá an-dul chun cinn ar fad déanta ag Bord Clárúcháin na Síceolaithe ar chreat rialála a fhorbairt don ghairm agus an cuspóir ann an teideal “síceolaí” a chosaint. Mar chuid den iarracht leis an méid seo a bhaint amach bhí comhairliúcháin fhairsinge ann le príomhpháirtithe leasmhara inar cuireadh an múnla beartaithe i láthair agus ar glacadh go dearfach leis ar an mórgóir.

Táimid ag súil anois le garspíoc eile a bhaint amach, is é sin an clár a leagan amach de réir rannóga faoi leith do shíceolaithe cliniciúla, síceolaithe comhairleoireachta agus síceolaithe oideachais, an méid sin de réir leasuithe reachtúla, forbairtí faoina dtabharfar rialacháin reachtúla isteach sa ghairm den chéad uair. Forbairt stairiúil a bheidh sa mhéid seo ó thaobh na rialála de i ngairm na síceolaíochta in Éirinn. Beidh leibhéal nua dearbhaithe ann don phobal agus don ghairm féin.

Rinneamar dul chun cinn suntasach in 2024 ar chlár a chur ar bun do chomhairleoirí agus sícíteiripeoirí. Rinneadh 689 aighneacht a mheas a tháinig as comhairliúchán in 2023 maidir leis na dhréachtchaighdeán ó thaobh Critéir Inniúlachta agus Oideachais de. Bhíothas in ann leas a bhaint as an aiseolas seo chun caighdeán dearbhaithe cáilíochta a bheachtú i dtaobh dul isteach ar an dá chlár. Tá an obair seo fós ar bun in 2025.

Anuas ar an méid sin, tugadh faoi anailís mhionsonraithe le teacht ar an gcur chuige is éifeachtaí chun cláir a chur ar bun do bhithcheimiceoirí cliniciúla agus d'ortooptaigh. Mar chuid den obair, b'éigean breathnú ar leasuithe reachtacha a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm le go mbeifí in ann na gairmeacha seo a rialáil.

Tá próisis na heagraíochta cuíchóirithe ag CORU. Tá córas clárúcháin nua tugtha isteach le nach mbeidh agaí próiseála chomh fada céanna ann i gcás iarratasóirí in Éirinn agus iarratasóirí idirnáisiúnta. Is mian linn agaí clárúcháin a laghdú go 30 lá agus cinntí aitheantais d'iarratasóirí idirnáisiúnta a laghdú go 50 lá faoi 2025 agus, san am céanna, caighdeán arda a choinneáil i bhfeidhm.

Chuireamar leis na comhthéacsanna inar féidir le Boird Chlárúcháin an fhreagracht as cinntí a fhágáil faoin gCláráitheoir, an méid sin de réir creatlach atá leagtha amach go soiléir. Tá laghdú eile bainte amach ar na hamlínte ag baint le hiarratas mar thoradh ar an athrú seo. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na Boird Chlárúcháin agus buíochas a ghabháil leo as a gcuid tacaíochta san fhorbairt thábhachtach seo.

Rinneamar 4,841 iarratas ar chlárúchán a phróiseáil in 2024. Cuireadh 3,823 cláraí nua le clár CORU. Anuas air sin, rinne na measúnóirí 1,693 iarratas a mheas ó ghairmithe a fuair a gcáilíochtaí thar lear.

Leanamar ar aghaidh chomh maith leis an obair riachtanach a dhéanaimid ionas go ndéanfaidh cláir oideachais agus oiliúna gairmithe cúraim sláinte agus shóisialta a ullmhú don am atá le teacht le go mbeidh siad in ann a ngairm a chleachtadh go slán sábháilte cumasach.

Rinneamar 13 chlár oideachais agus oiliúna a fhorghnó agus a mhonatóiriú in 2024 ionas go dtiocfaidh céimithe ardchaighdeán astu. Táimid dírithe chomh maith ar chonairí oideachais nua a fhorbairt. In 2024, cuireadh conair nua ar fáil chun cáilíocht a bhaint amach mar oibrí sóisialta - printíseacht agus conair san oideachas treasach. Cúis sásaimh dom go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh leis na conairí oideachais seo a fhorbairt chun tacú le daoine le bheith ina gcláraithe. Ní bheifí in ann an dul chun cinn a dhéanamh murach an comhar láidir agus an dúthracht choiteann idir na príomhpháirtithe leasmhara. Tugaimid tacaíocht i gcónaí do mhodhanna nuálacha oideachais agus beimid ag plé go leanúnach le soláthraithe oideachais leis na caighdeán is airde a chur i bhfeidhm.

D'oibrigh CORU i ndlúthchomhar leis an Roinn Sláinte le dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairtí tábhachtacha sa chleachtas feabhsaithe agus ardleibhéil do ghairmithe cúraim sláinte agus shóisialta. Éacht mhór a baineadh amach ná an obair a rinne Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí le rannán nua den Chlár a bhunú mar 'atreoraí' le go mbeidh fisiteiripeoirí cáilithe cuí in ann othair a atreorú le dul faoi ghnáthaimh dhiagnóiseacha a mbeadh radaíocht ianúcháin mar chuid díobh. Tá CORU an-diongbháilte faoin gcleachtas gairmiúil a fhorbairt i gcomhréir le riachtanais an phobail agus tá an méid sin le brath sa ghasprioc seo. Ar an dóigh chéanna, féachann CORU lena chinntiú go gcuirfear an cúram ceart ar fáil san am ceart agus, san am céanna, go gcloífar leis na caighdeán is airde dá bhfuil ann ó thaobh sábháilteacht othar agus formhaoirseacht rialála de.

Is é an misean lárnach atá againn in CORU an pobal a chosaint mar thoradh ar chaighdeán arda a chur i bhfeidhm do gach duine atá cláraithe againn. I gcásanna nach gcloítear leis na caighdeán sin, tá an chumhacht againn agus an fhreagracht orainn gníomhú ina leith. In 2024, rinneamar 62 gearán a oscailt. Cuireadh 15 cinn acu sin faoi bhráid Choiste Fiosrúcháin. Tugadh faoi 19 bhfiosrúchán i mbliana. Léiríú atá san ardú 34% ar ghearáin a fuarthas i gcoinne cláraithe in 2024 (méadú ó 46 gearán go 62 gearán) ar an ról riachtanach a chomhlíonann an próiseas um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh chun an pobal a chosaint agus chun sláine an chreata rialála a threisiú.

Rinne CORU dul chun cinn suntasach in 2024 chun an pobal a chur ar an eolas agus plé níos fearr a dhéanamh le gairmithe, príomhpháirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne. Léiríú atá sna hiarrachtaí seo ar ár ndíograis i rith an ama faoin trédhearcacht, cothú muiníne agus oideachas faoin timpeallacht rialála san earnáil cúraim sláinte agus earnáil cúraim shóisialta in Éirinn.

Bhí níos mó daoine ná riamh ag plé linn ar na hardáin dhigiteacha. D'úsáid na céadta míle duine uirlisí le dintiúir a dheimhniú nó le dul isteach chuig seirbhísí clárúcháin agus aitheantais. Léiríú atá ansin go bhfuil daoine níos muiníní asainn sa ról.

Chuir an tAonad um Dhearbhú Cáilíochta Oideachais seisiúin oiliúna ar fáil do sholáthraithe chomh maith le feachtais ar na meáin shóisialta chun an próiseas iniúchta don fhorbairt ghairmiúil leanúnach a shoiléiriú, obair a chuir leis an trédhearcacht.

Rinneamar forbairt chomhpháirteach ar struchtúir rialachais agus chuireamar leis an rannpháirtíocht sheachtrach, an méid sin ar mhaithe le caidreamh níos fearr a chothú le páirtithe leasmhara. Mar chuid den obair seo, cuireadh fáilte roimh oifigigh rialála ón Nua-Shéalainn agus ón Astráil agus bhí méid suntasach plé againn le comhlachtaí sláinte, oideachais agus rialtais in Éirinn maidir le spriocanna atá i gcoitinne againn ó thaobh na rialála de.

Chuireamar ar bhonn gníomhach le comhráite náisiúnta faoin leasú ar an bpróiseas um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh agus, mar sin, muinín an phobail á cothú againn as próisis atá cothrom agus oscailte.

Léiríú atá sna héachtaí seo ar an gcur chuige ilréimseach atá ag CORU le dul i mbun plé leis an bpobal, cur chuige ina mbaintear leas as córais atá sothuigthe, cumarsáid straitéiseach agus comhar le dreamanna eile le go mbeifear in ann timpeallacht cúraim sláinte agus shóisialta a fhorbairt níos muiníne ina mbeifear níos fearr ar an eolas.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a thacaigh linn inár gcuid oibre i rith na bliana, go háirithe an Chomhairle, faoi stiúir Mo Flynn, na Boird agus na Coistí, agus foireann dhílis Feidhmiúcháin CORU.

Bliain ghnóthach bhisiúil ab ea 2024. Táim ag súil go mór le 2025, bliain ina mbainfear amach níos mó garspriocanna suntasacha chomh maith le héachtaí fiúntacha.



Claire O'Cleary

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Cláraitheoir
An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Maidir le CORU

Eolas faoin eagraíocht

Is é CORU an rialtóir i dtaobh na ngairmeacha éagsúla sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.

Is é ár ról an pobal a chosaint trí iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeán a chur chun cinn le clárú reachtúil na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Bunaíodh CORU faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú). Istigh san eagraíocht tá an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus na Boird Chlárúcháin, duine amháin ó gach gairm a ainmnítear san Acht.

Is é CORU an t-ainm branda agus an lógó faoina bhfeidhmíonn an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus Boird Chlárúcháin na ngairmeacha éagsúla le chéile.

Tá an teideal CORU bunaithe ar an bhfocal Gaeilge Cóir.



Tá cláir i bhfeidhm ag CORU anois do 12 ghairm, na cinn seo ina measc:

- Bia-eolaithe
- Radharceolaithe Dáileacháin
- Eolaithe míochaine
- Teiripeoirí Saothair
- Optaiméadraithe
- Fisteiripeoirí
- Coslianna
- Radagrafaithe
- Teiripeoirí Radaíochta
- Oibrithe Cúraim Shóisialaigh
- Oibrithe Sóisialta
- Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga

Tá CORU ag obair freisin chun cláir a chur ar bun do ghairmeacha atá ainmnithe faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (arna leasú).

- Comhairleoirí
- Síciteiripeoirí
- Síceolaithe
- Bithcheimiceoirí Cliniciúla
- Ortoptaigh

Fís CORU

Maidir le próisis agus caighdeáin rialála na heagraíochta, tá muinín ag an bpobal agus ag gairmithe cúraim sláinte agus shóisialta as CORU ina leith agus tugann an dá dhream aitheantas do CORU dá bharr.

Ár dTreoirphrionsabail

Tá sé d’aidhm ag CORU sraith luachanna a léiriú a bhíonn mar bhonn agus thaca leis an mbealach a n-oibríonn sé agus a n-idirghníomhaíonn sé lena pháirtithe leasmhara go léir. Tá ár luachanna ríthábhachtach maidir lenár misean agus ár bhfís a bhaint amach.

Cuntasacht as ár bpróisis, ár gcinntí agus ár n-iompar gairmiúil.


Meas agus Cothroime agus muid ag plé leis an bpobal, le gairmithe agus le páirtithe leasmhara eile.

Oscailteacht agus Trédhearcacht inár gcumarsáid agus nuair a bhímid ag plé leis an bpobal agus leis na gairmithe.

Leibhéil arda Feidhmíochta mar eagraíocht ó thaobh éifeachtacht iomlán, luach ar airgead, éifeachtúlacht oibríochtaí agus rialachais de.

Bród agus Díograis i dtaobh torthaí cuí a bhaint amach i dtaca le sábháilteacht agus caighdeáin don phobal agus do na gairmithe lena mbaineann.

Saibhriú na hearnála mar thoradh ar cheannaireacht, dearfacht agus dearcadh ardchaighdeáin agus fianaisebhunaithe a léiriú maidir lenár gcuid oibre agus an plé a dhéanaimid le páirtithe leasmhara.





Céard a dhéanaimid

Tá buntáiste ag baint le scaradh na bhfeidhmeanna idir an Chomhairle agus na Bord Clárúcháin (na Boird), is é sin go ndéantar a chinntiú, i gcás na ngairmeacha ar fad a rialáiltear, go mbeidh comhlacht sonrach ann a dhíríonn go hiomlán ar chlárúchán agus ar chaighdeán oideachais sa ghairm sin lena bhféachtar chuige go mbíonn saineolas gairmiúil faoi leith ann.

Tá an Chomhairle freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar rialachas agus ar straitéis na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, cúraimí a chuimsíonn cúrsaí airgeadais agus riosca, oibrithe, cinntí dlí agus an phleanáil straitéiseach. Tá na nithe seo a leanas i gceist mar chuid den ról:


- Maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar obair na mBord Clárúcháin
- Caighdeán chleachtais a fhorfheidhmiú i gcás cláraithe, cóid a bhaineann le hiompar gairmiúil agus le heitic ghairmiúil ina measc
- Córas maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh a fheidhmiú do na gairmeacha cláraithe
- Cinntí a dhéanamh agus treoir a thabhairt maidir le smachtbhannaí araíonachta a ghearradh ar chláraithe
- A bheith freagrach as acmhainní a leithdháileadh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach

Tá gach Bord Clárúcháin freagrach as na nithe seo a leanas a chur i bhfeidhm don ghairm/do na gairmeacha a rialaíonn siad:

- Clár comhaltaí na gairme sin a chur ar bun agus a chothabháil
- Cálíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Clár oideachais agus oiliúna atá ábhartha don iontráil ar an gClár a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An cód iompair ghairmiúil agus eitice a leagan amach
- Na riachtanais maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a leagan síos
- Le faomhadh na Comhairle, fodhlíthe a chur ar bun maidir lena fheidhmeanna clárúcháin agus oideachais

Is í an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an comhlacht reachtúil atá bunaithe ag an Oireachtas chun an pobal a chosaint trí bhithin clárúchán reachtúil na ngairmeacha cúraim sláinte agus shóisialta atá ainmnithe in Acht 2005.

Tosaíochtaí Straitéiseacha 2024




Cuspóir Straitéiseach 1:

Cuirfimid rialáil na sé ghairm ainmnithe atá fágtha chun cinn




Cuspóir Straitéiseach 2:

Cinnteoimid go gcosnófar an pobal leis an rialáil agus go dtacóidh sí le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh



Cuspóir Straitéiseach 3:

Forbróimid cumas na heagraíochta agus, san am céanna, déanfaimid múnla inbhuanaithe rialála a chothú



Cuspóir Straitéiseach 4:

Méadóimid feasacht ar ár ról don phobal a chosnaímid agus na gairmithe a rialaímid



Cuspóir Straitéiseach 5:

Beidh an taighde agus tuairimí fianaisebhunaithe mar bhonn faoin idirghabháil rialála againn

An dul chun cinn i ndáil le Ráiteas Straitéise 2022-2026

Ceanglaítear ar CORU cloí le ráiteas straitéise comhaontaithe ina leagtar amach fíis na heagraíochta i dtaobh an Achta um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú), i gcomhthéacs é a chur chun cinn agus tacú leis. Cuireadh tús leis an ráiteas straitéise reatha an 1 Eanáir 2022 agus beidh sé i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2026.

Ó cuireadh ar bun é, tá CORU ag obair i gcónaí chun cothromaíocht a bhaint amach idir athruithe ó bhonn agus an gá leanúnach leis an bhfás agus leis an bhfeabhsú, gaol atá le brath go soiléir sa straitéis reatha atá againn.

Gach uair a thugtar clár úr isteach tagann athruithe soiléire chun cinn in CORU. Bíonn tuiscintí nua, tuairimí nua agus saineolas breise le cur san áireamh againn sna próisis déanta cinntí gach uair a ghlactar le gairm eile. Ar a bharr sin, tá rudai fiúntacha le foghlaim ó gach gairm maidir leis an tslí a bhfeidhmíonn an múnla rialála agus na slite ina bhféadfaí forbairt a dhéanamh air.

Agus CORU ag dul i mbun plé le gairmeacha eile nach raibh aon rialáil i gceist leo riamh, tá dúshlán úra romhainn. Mar gheall ar na gairmeacha seo atá ag teacht chun cinn, bíonn orainn forbairt a dhéanamh ar na múnlaí agus córais rialála atá againn ionas go mbeidh siad éifeachtach agus freagrúil i gcónaí chun freastal ar riachtanais éagsúla.

Bunaithe ar na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas, tá dul chun cinn suntasach déanta againn i dtreo ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.



Cuspóir Straitéiseach 1:

Cuirfimid rialáil na sé ghairm ainmnithe atá fágtha chun cinn

Tá tús áite fós á thabhairt in CORU don sprioc atá ann cláir a oscailt do ghairmeacha atá ainmnithe faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005 (arna leasú). Tá cláir oscailte againn do dhá ghairm déag de na gairmeacha atá ainmnithe sa reachtaíocht.

Tá Clár na gCoslianna bunaithe go hiomlán. Bhíothas dírithe in 2024 ar aon iarratais a bhí fágtha agus a fuarthas roimh dheireadh na hidirthréimhse a phróiseáil. Ar an 30 Samhain 2023, chuir Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh tús leis an idirthréimhse ina bhféadfadh cleachtóirí reatha iarratas a dhéanamh ar chlárúchán. I ndeireadh 2024, tháinig deireadh leis an gcéad bhliain den idirthréimhse dhá bhliain. Ní mór do gach cleachtóir reatha iarratas a dhéanamh ar an gclár san idirthréimhse. Beidh an teideal "oibrí cúraim shóisialaigh" faoi chosaint dlí ón 1 Nollaig 2025, tar éis na hidirthréimhse.

Rinneamar dul chun cinn suntasach in 2024 chun na cláir a chur ar bun do na comhairleoirí agus do na síciteiripeoirí, chomh maith le trí rannán de chlár na síceolaithe - síceolaithe cliniciúla, síceolaithe comhairleoireachta agus síceolaithe oideachais.

Anuas ar an méid sin, rinneamar dul chun cinn ar mhúnla rialála a fhorbairt do ghairm na síceolaíochta ar bhonn níos leithne agus an aidhm ann an teideal "síceolaí" a chosaint, chomh maith le dul chun cinn ar ár sainchúram as cosaint an phobail. Rinneadh taighde cuimsitheach le go n-aithneofaí cur chuige cuí chun na cláir d'ortoptaigh agus bithcheimiceoirí cliniciúla a oscailt.

Táimid ag saothrú i gcónaí le réitigh rialála a bhaineann go sonrach le gairmeacha a fhorbairt. Fad a mhairfidh an Ráiteas Straitéise reatha seo, don tréimhse 2022-2026, táimid díograiseach i dtaobh dul chun cinn a dhéanamh ar rialáil sna gairmeacha ainmnithe atá fágtha, is iad sin na hortoptaigh agus na bithcheimiceoirí cliniciúla.

Oibrithe Cúraim Shóisialaigh

D'oscail Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh a chlár ar an 30 Samhain 2023. Fuarthas 80 iarratas air faoi dheireadh na bliana. In 2024, tháinig méadú mór ar an líon iarratas - 2,283 iarratas san iomlán, méadú faoi 28. Faoi dheireadh na bliana, bhí 1,300 cinneadh déanta ag an mBord agus 1,139 duine cláraithe ann ar fad. Faoi dheireadh na hidirthréimhse, is é sin an 30 Samhain 2025, meastar go mbeifear tar éis breis agus 10,000 iarratas a fháil ar chlárúchán ar chlár na n-oibrithe cúraim shóisialaigh.

Comhairleoirí agus Síciteiripeoirí

Riachtanas tábhachtach bunúsach a bhaineann leis an rialáil reachtúil a leagan síos den chéad uair do ghairm áirithe ná na riachtanais réamhchlárúcháin ó thaobh oideachais agus oiliúna de a leagan amach i dtaobh daoine ag clárú ar chlár gairmiúil. Maidir le comhairliúchán poiblí Bhord Clárúcháin na gComhairleoirí agus na Síciteiripeoirí maidir le dréacht-Chaighdeán Inniúlachta do chomhairleoirí agus do síciteiripeoirí agus ar Chritéir an Bhoird don Oideachas agus Oiliúin tháinig sé sin chun deiridh Dé hAoine an 1 Nollaig 2023.

Bhí leibhéal suntasach rannpháirtíochta i gceist sa chomhairliúchán poiblí. Fuarthas 689 aighneacht ó réimse leathan páirtithe leasmhara. Rinne an Bord Clárúcháin a chuid iarrachtaí a dhíriú in 2024 ar athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar na haighneachtaí go léir a fuarthas, tráth a rabhtas ag obair leis na caighdeáin dearbhaithe cáilíochta oideachais a leagan amach do dhaoine le dul isteach sna cláir do chomhairleoirí agus sícitéiripeoirí. Tá an méid sin riachtanach má táthar le bheith in ann an pobal a chosaint agus dearbhú a thabhairt go gcomhlíonann gach iontrálaí nua chun na gclár tairseach na gcaighdeán lena ngairm a chleachtadh go sábháilte.

Leis an méid sin a dhéanamh, thug an Bord faoi anailís mhionsonraithe ar riosca chun na réimsí éagsúla den tsíceolaíocht a mheas bunaithe ar an dochar a d'fhéadfaí a dhéanamh iontu, ar chastacht na hoibre a bhíonn i gceist agus ar chomh réidh is a bhí na cláir oideachais caighdeáin rialála a shásamh. Bunaithe ar an anailís seo agus ar aiseolas ó chomhairliúcháin, shocraigh an Bord ar struchtúr rialála a mbeidh aon chlár lárnach ann agus ceithre rannán ann: síceolaithe cliniciúla, síceolaithe comhairleoireachta agus síceolaithe oideachais, arb iad siúd na réimsí ardriosca de réir mar a mheastar, ansin rannán ginearálta do na síceolaithe eile go léir.

Síceolaithe

Rinne Bord Clárúcháin na Síceolaithe cur chuige a fhorbairt chun an ghairm a rialú go héifeachtach le go mbeifear in ann an teideal 'síceolaí' a chosaint. Ó bunaíodh é, tá an Bord ag obair ar mhúnla leis an teideal 'síceolaí' a chosaint agus, san am céanna, ina n-aithneofar go mbíonn bealaí éagsúla isteach chun na gairme de réir speisialtóireachtaí éagsúla.



Mar gheall ar an struchtúr seo beifear in ann a chinntiú go gcomhlíonfaidh na síceolaithe ar fad a bhíonn ag cleachtadh a gceirde leibhéal seasmhach den inniúlacht ghairmiúil agus, san am céanna, go ndéanfar an pobal a chosaint toisc go ndéanfar úsáid an teidil 'síceolaí' a chosaint.

Dhá chéim a bheidh i gceist leis an rialáil a chur i bhfeidhm: céim amháin do na síceolaithe cliniciúla, comhairleoireachta agus oideachais, agus céim eile don rannán ginearálta. An chúis atá leis an méid sin ná go bhfuil cinneadh déanta ag an mBord go bhfuil baol níos airde ag baint leis na speisialtóireachtaí sin agus go bhfuil siad nach mór réidh i gcomhthéacs na rialála toisc go bhfuil cláir oideachais agus oiliúna ann ag baint leo cheana féin.

Agus rialáil sa ghairm á cur chun cinn, chuir an Bord an comhairliúchán poiblí i gcrích i mí na Nollag 2024. Bhain an comhairliúchán poiblí le dréachtchaighdeáin don dearbhú cáilíochta oideachais do dhaoine le dul isteach i rannáin den chlár do shíceolaithe comhairleoireachta, cliniciúla agus oideachais. Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin chuathas i mbun plé le páirtithe leasmhara tábhachtacha agus leis an bpobal chun aighneachtaí a lorg uathu faoi na caighdeáin a bheadh le baint amach le bheith ag cleachtadh go gníomhach sna speisialtóireachtaí seo. Leanfar ar aghaidh leis an obair seo in 2025 le go n-osclófar rannáin den chlár do shíceolaithe comhairleoireachta, cliniciúla agus oideachais, an méid sin faoi réir leasuithe reachtacha.

Bithcheimiceoirí cliniciúla agus Ortoptigh

Cuireadh tús in 2024 le hanailís mhionsonraithe chun teacht ar chur chuige le go mbeifí in ann cláir a chur ar bun do bithcheimiceoirí cliniciúla agus ortoptigh. Mar chuid de sin, breathnaíodh ar leasuithe reachtacha a d'fhéadfaí a dhéanamh le go mbeifí in ann dul chun cinn a dhéanamh ar chúrsaí rialála. Déanfar dul chun cinn ar an obair seo in 2025. Beidh CORU ag plé i rith an ama leis an Roinn Sláinte le dul chun cinn a dhéanamh ar rialáil na ngairmeacha.





Cuspóir Straitéiseach 2:

Cinnteoimid go gcosnófar an pobal leis an rialáil agus go dtacóidh sí le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh

Cosaint an phobail atá i gcróilár na rialála. Gné lárnach de sin ar fad ná an ról atá againne tacú le gairmithe cúraim sláinte agus shóisialta cúram sábháilte cumasach ardchaighdeán a sholáthar. Leis sin a bhaint amach, déanaimid a chinntiú gurb iad céimithe a chomhlíonann na caighdeáin riachtanacha le cúram sábháilte éifeachtach a chur ar fáil a thagann as na cláir oideachais agus oiliúna. Ar a bharr sin, molaimid do ghairmithe tabhairt faoin bhforbairt ghairmiúil leanúnach i rith a saoil oibre.

Rinneamar monatóireacht ar 9 gclár oideachais agus oiliúna in 2024 lena chinntiú go mbeadh céimithe oiriúnacha ann ar bhonn leanúnach dá gcláir faoi seach. Rinneamar 2 chlár nua a fhorghnó. Roghnaíomar 245 cláraí le hiniúchtaí FGL a dhéanamh ar a gcás agus rinneamar 1,717 iarratas a phróiseáil ag baint le haitheantas do cháilíochtaí idirnáisiúnta. Cuireadh 3,823 cláraí nua leis na cláir. Fuaireamar 62 gearán agus rinneamar iniúchadh orthu. Rinneamar 19 bhfiosrúchán maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh a bhainistiú i gcaitheamh na bliana.

Déanaimid monatóireacht ar threochtaí a thagann chun cinn i gcásanna ag baint le gearáin agus cásanna maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh ionas go ndéanfaimid na caighdeáin agus an treoir a chuirimid ar fáil a chur in oiriúint don chomhthéacs. Mar thoradh ar an gcur chuige réamhghníomhach seo is féidir linn dul i ngleic le fadhbanna sula dtagann siad chun cinn agus, dá bharr, dochar a chosc. Ós rud é go mbímid de shíor ag breathnú chun cinn don mhéid atá i ndán don chúram sláinte agus sóisialta, táimid in ann a chinntiú go mbeidh na caighdeáin agus an cód ann chun tacú le daoine cúram sábháilte cumasach ardchaighdeán a chur ar fáil.

Cleachtas Feabhsaithe agus Ardleibhéil do Ghairmithe Cúraim Sláinte agus Shóisialta

Rinne CORU dul chun cinn in 2024 ar obair chun tacú leis an gcleachtas feabhsaithe do ghairmeacha rialáilte bunaithe ar iarratas a fuarthas ón Roinn Sláinte. Cuireadh creat cinnteoireachta i bhfeidhm ar bhonn trialach le go mbeadh Boird Chláirúcháin in ann comhairle a fhorbairt i dtaobh gníomhaíochtaí ag baint le gairmeacha faoi leith. Cuireadh comhairle ó Bhord Clárúcháin na gCoslianna agus ón mBord Clárúcháin Súil-Liachta faoi bhráid na Roinne Sláinte. Leagadh amach sa chomhairle na caighdeáin ghairmiúla a theastaíonn chun cógais rialaithe a riar nó a oideasú go neamhspleách agus eolas faoina mbeadh bearta breise rialála ag teastáil chun tacú le gníomhaíochtaí dá leithéid sna gairmeacha sin.

Rinne Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí an-dul chun cinn le rannán nua den Chlár a bhunú mar "atreoraí" le go mbeidh fisiteiripeoirí cáilithe cuí in ann othair a atreorú le dul faoi ghnáthaimh dhiagnóiseacha a mbeadh radaíocht ianúcháin mar chuid díobh. Mar chuid den obair sin b'éigean caighdeáin a leagan síos, athbhreithniú a dhéanamh ar chláir oideachais agus comhairliúcháin phoiblí a sheoladh i dtaca le fodhlíthe a theastódh.

Tá CORU ag plé leis an Roinn Sláinte i gcónaí agus ag fanacht le forbairtí eile, cuir i gcás Grúpa Comhairleach Saineolaithe a chur ar bun le díriú ar an gCleachtas Ardleibhéil do ghairmithe cúraim sláinte agus shóisialta.

Tráthúlacht Cinntí Rialála a fheabhsú

In 2024, thug CORU tús áite d'iarrachtaí chun bearta éifeachtúlachta a fheabhsú le go mbeifí in ann gairmithe cúraim sláinte agus shóisialta a chlárú níos gasta mar fhreagairt ar an bhfás ar an éileamh ar an lucht saothair. Tá laghdú suntasach bainte amach ar na hamlínte ó thaobh cinnteoireachta de mar thoradh ar chlár ilghnéitheach de bhearta chun feabhais:

- **Tacaíocht níos fearr d'iarratasóirí:** Tá laghdú bainte amach ar amlínte chun iarratais a phróiseáil toisc go bhfuil treoir níos fearr ann ar an láithreán gréasáin, uaireanta breise don líne fóin chomh maith le teagmháil réamhghníomhach le hiarratasóirí a dhéanann iarratas ar aitheantas as cáilíochtaí idirnáisiúnta.
- **Freagracht as Cinntí á ligean ar an gCláráitheoir:** Tá údarás tugtha ag na Boird Chlárúcháin don Chláráitheoir as cinntí ag baint le cáilíochtaí agus eisceachtaí a mbaineann leibhéal íseal riosca leo (mar shampla dearbhuithe sláinte nó carachtair), forbairt is cúis le laghdú suas le 6 - 8 seachtaine uaireanta.


➤ **Caighdeáin ar Leibhéal Chomónta:** Táthar tar éis cur leis na Caighdeáin ar Leibhéal Chomónta (roimhe seo Cáilíochtaí a Fheictear go Minic) sa chuid is mó de na gairmeacha. Mar sin, is féidir próisis chuíchóirithe a chur i bhfeidhm chun aitheantas a thabhairt as cáilíochtaí idirnáisiúnta atá ag teacht le caighdeáin náisiúnta, cur chuige atá éifeachtach go háirithe i gcás cáilíochtaí ó Thuaisceart Éireann/ón mBreatain Mhór.

➤ **Cruinnithe Athbhreithnithe leis an gCláráitheoir:** Is féidir cinntí a dhéanamh go pras anois toisc go ndéanann an Cláráitheoir athbhreithniú ar iarratais gach seachtain.

Mar thoradh ar na hiarrachtaí seo, tá laghdú 33% (24 lá) bainte amach san aga próiseála ar an meán i gcomparáid le 2023 i gcás cinntí i dtaobh cáilíochtaí idirnáisiúnta; 63 lá atá ann mar sin. Chomh maith leis sin, baineadh amach laghdú 42% (39 lá) ar na tréimhsí chun iarratais ar chlárúchán a phróiseáil. 52 lá atá ann anois ar an meán.

Tá tionscnaimh eile ar bun, na cinn seo ina measc: fairsingiú na dtionscnamh i dtaca le Caighdeáin ar Leibhéal Chomónta, an fhorbairt ar mhodh do thríú tíortha i gcomhthéacs trialacha mianaigh caighdeánaithe agus an fhorbairt leanúnach ar an gcóras comhtháite clárúcháin - córas trína ndéanfar próisis a chuíchóiriú agus trína mbeidh an próiseas níos éifeachtaí don úsáideoir. Aidhm lárnach atá ann in 2025 ná laghdú a bhaint amach, go 50 lá, ar na tréimhsí próiseála i gcás iarratais ar aitheantas le haghaidh cáilíochtaí idirnáisiúnta agus dlús a chur leis an meánráta chun cinneadh a dhéanamh ó thaobh clárúcháin de, go 30 lá.

Amlínte ar an meán, de réir na míosa, chun iarratais a phróiseáil (an méid laethanta) do gach iarratas ar chlárúchán in 2024



Le tabhairt faoi deara: An chúis is mó leis an laghdú ar thréimhsí próiseála i mí Iúil, mar atá le feiceáil sa ghráf thuas, ná gur céimithe Éireannacha a bhí i gceist leis an gcuid is mó d'iarratais. Bíonn tréimhsí próiseála níos gasta i gceist leis na hiarratasóirí seo de ghnáth. Déantar a gcáilíochtaí a fhíorú go díreach leis an gcoláiste, de réir a dtailithe, gné a dhéanann an próiseas a éascú chun éifeachta. Ina theannta sin, ní bhíonn an oiread céanna doiciméid tacaíochta ag teastáil. Ní theastaíonn fianaise ar thaithí fostaíochta in iarratas den chineál seo.

Dul chun cinn ar iarratais chun na gClár

Seoladh tionscnamh spriocdhírithe in 2024 chun dul i ngleic leis na hiarratais a bhí fós oscailte ar cuireadh tús leo faoi na socrúithe idirthréimhse a bhíonn ann do chleachtóirí reatha nuair a osclaítear clár den chéad uair. Is iad cleachtóirí a bhí gníomhach ina gceird sula ndearnadh a dteideal gairmiúil a rialáil a chuir isteach na hiarratais seo. Is iarratais iad a bhí oscailte ach nach ndearna cuid iarratasóirí dul chun cinn orthu. I gcásanna áirithe, tá na hiarratasóirí tar éis dul ar scor ó shin nó tá cuid acu nach gcleachtann a ngairm níos mó. I gcás daoine eile, bhí siad ag fanacht le Measúnú ar Inniúlacht Ghairmiúil, rud a bhí deacair a fháil i gcás gairmeacha áirithe.

An aidhm a bhí leis an tionscnamh ná le dul i dteagmháil leis na hiarratasóirí sin a mbeadh fonn orthu leanúint ar aghaidh leis an gclárúchán agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh chun na cáipéisí riachtanacha a chur isteach chun an próiseas a chur i gcrích. Ina gcás siúd nach raibh ag iarraidh leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas, dúnadh a n-iarratais siúd agus baineadh den chóras iad.

D'fhág an méid sin nach raibh fágtha sa chóras ach daoine atá go gníomhach ag féachaint le bheith cláraithe. San am céanna, tugtar socrú soiléir i gcás daoine nach raibh páirteach sa phróiseas níos mó.

Is iad seo a leanas na gairmeacha atá mar chuid den tionscnamh seo:

- Eolaithe míochaine
- Fisiteiripeoirí
- Teiripeoirí Fisiciúla
- Coslianna
- Oibrithe Cúraim Shóisialaigh (idirthréimhse ann go dtí an 30 Samhain 2025)

Tabharfar isteach beartas foirmiúil i dtaobh cásanna a dhúnadh chun an próiseas seo a chuíchóiriú feasta. Fágfaidh sé sin go bpléifear go héifeachtúil le hiarratais agus go gcuirfear i gcrích iad i gcomhréir leis an gcreat rialála agus leis na hamlínte idirthréimhse a leagtar síos nuair a bhíonn gairm á rialú den chéad uair.

Dul chun cinn ar iarratais chun na gclár agus dúnadh na n-iarratas mura mbíonn teagmháil ann

Gairm	Iarratais Oscailte Aibreán 2024	Deireadh na hIdirthréimhse Clárúcháin	Stádas Mí na Nollag 2024
Eolaithe míochaine	210	an 31 Márta 2021	137 a cuireadh leis an gClár 42 iarratas a tarraingíodh siar 16 dar tugadh AoPC ¹ 15 á bpróiseáil 31 ar oscailt fós
Teiripeoirí Fisiciúla	53	30 Meán Fómhair 2018	12 a cuireadh leis an gClár 25 iarratas a tarraingíodh siar 7 dar tugadh AoPC ¹ 9 á bpróiseáil 16 ar oscailt fós
Fisteiripeoirí	66	30 Meán Fómhair 2018	19 a cuireadh leis an gClár 21 iarratas a tarraingíodh siar 26 á bpróiseáil 26 ar oscailt fós
Coslianna	235	an 31 Márta 2023	138 a cuireadh leis an gClár 23 iarratas a tarraingíodh siar 45 atá sannta 29 á bpróiseáil 74 ar oscailt fós

1 Measúnacht fhoirmiúil atá sa Mheasúnú ar Inniúlacht Ghairmiúil (AoPC) atá leagtha amach le measúnú a dhéanamh ar eolas gairmí agus ar fheidhmiú na gCaihteán Inniúlachta agus na gCód um Iompar Gairmiúil agus Eitic i gcás iarratasóirí ar chlár in idirthréimhse gan aon cháilíocht chuí acu.

Measúnú ar Inniúlacht Ghairmiúil

Nuair a bhí iarratais ar chlárúcháin á bpróiseáil san idirthréimhse, bhí deacrachtaí ag CORU soláthraí seachtrach a fháil chun an Measúnú ar Inniúlacht Ghairmiúil (AoPC) a dhéanamh. Teastaíonn an Measúnú ar Inniúlacht Ghairmiúil i gcás iarratasóirí nach bhfuil cáilíocht chuí acu agus ar gá dóibh a léiriú go gcomhlíonann siad na caighdeáin riachtanacha inniúlachta lena ngairm a chleachtadh go sábháilte agus go cumasach. Is cleachtóirí iad na hiarratasóirí seo a bhí gníomhach san idirthréimhse. Bhí siad ag fanacht leis an Measúnú ar Inniúlacht Ghairmiúil le dul chun cinn a dhéanamh ar an gclárúchán.

Mar gheall ar na gnéithe casta ag baint leis an bpróiseas seo, theastaigh freagraí saincheaptha nuálacha. Den chéad uair, chuaigh CORU i mbun plé go díreach le measúnóirí chun measúnuithe inmheánacha a chur ar fáil ionas go mbeadh iarratasóirí a bheadh ag fanacht le cinneadh faoina n-iarratas ar chlárúchán in ann bogadh ar aghaidh le próiseas an mheasúnaithe ar inniúlacht ghairmiúil.

Tá an-dul chun cinn déantar ar dhearadh agus ar fheidhmiú an Mheasúnaithe ar Inniúlacht Ghairmiúil ionas go gcomhlíonfaidh iarratasóirí na caighdeáin riachtanacha inniúlachta le bheith ag cleachtadh go sábháilte. Cuirfear na measúnuithe ar fáil do ghairmeacha na n-eolaithe míochaine, na dteiripeoirí fisiciúla agus na gcoslianna go luath in 2025. Ina theannta sin, den chéad uair, d'éirigh le CORU an Measúnú ar Inniúlacht Ghairmiúil a thabhairt isteach san idirthréimhse i gcás iarratasóirí ar Chlár na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh.

Conairí eile isteach sa Chleachtas Gairmiúil

In 2024, thacaigh CORU go gníomhach leis an bhforbairt ar chonairí eile isteach i ngairmeacha cúraim sláinte agus shóisialta agus aitheantas á thabhairt don tábhacht atá leis an tsolúbthacht agus daoine ag féachaint le bheith cáilithe, an méid sin má táthar chun freastal ar an méadú ar an éileamh ar an lucht saothair.

Éacht mór a bhí ann nuair a sheol Coláiste na hOllscoile, Corcaigh i gcomhar le BOO Oileán Mhic Mhuiris i gCorcaigh conair nua le dul isteach sa dara bliain den chlár formheasta don obair shóisialta.

Cuireadh an-suim sa chonair sin agus ní rabhthas in ann glacadh le gach duine a rinne iarratas ar an gclár. Ina theannta sin, mar chuid de chuibhreannas a fuair tacaíocht ón Oifig Náisiúnta Printíseachtaí, thug Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, bealach printíseachta isteach chuig dhá chlár fhorhmeasta dá chuid san obair shóisialta, sin céim máistir agus cáilíocht iarchéime. Fuarthas líon suntasach iarratas ar mhúnla na printíseachta. Thosaigh an chéad dream printíseach i mí Mheán Fómhair 2024.


Chomh maith leis sin, tá CORU ag tabhairt faoi thionscnamh comhpháirteach idir Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, an tionscnamh sin dírithe ar chonair phrintíseachta a fhorbairt d'oibrithe cúraim shóisialta. Beidh CORU ag obair ar aghaidh go dlúth le soláthraithe oideachais lena chinntiú gurb é a bheidh mar thoradh ar na bealaí malartacha nó aistrithe ar fad ná céimithe a chomhlíonfaidh na caighdeáin riachtanacha inniúlachta agus a bheidh iomlán réidh le tabhairt faoin gcleachtadh slán sábháilte cumasach.

Forbairt ar Acmhainní na gClár

In iarratachtaí le dul i ngleic le riachtanais sa lucht saothair san fhadtéarma, bhí CORU ag obair leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun an argóint a dhéanamh ar son níos mó spásanna fochéime agus iarchéime a chur ar fáil sna gairmeacha cúraim sláinte agus shóisialta. San am céanna, tá CORU i mbun plé le hInstitiúidí Ardoideachais go luath i bpróiseas forbartha na gclár le go mbeidh siad ag teacht leis na ceanglais rialála ón tús ionas go mbeidh tacaíocht ann chun cláir ardchaighdeáin fhorhmeasta oideachais agus oiliúna a sholáthar ar fud na tíre.

Tionscadal AE/LEE - an cás a mheas faoina bhféadfaí comhchreat oiliúna a chur ar bun don fhisiteiripe

Tá an cás á mheas ag an gCoimisiún Eorpach faoina bhféadfaí comhchreat oiliúna a mholadh, de réir chumhachtaí tarmigthe an Choimisiúin, don oideachas iontrála don fhisiteiripe sna Ballstáit go léir den AE agus LEE, chun bheith ag teacht leis na forálacha in Airteagal 49a de Threoir 2005/36/CE (an Treoir maidir le cáilíochtaí gairmiúla). Tionóladh grúpa tionscadail de na Ballstáit in 2024 ar a bhfuil ionadaithe ón Roinn Sláinte agus ó CORU in éineacht ionadaithe den chineál céanna ó thimpeall 15 Bhallstát. Ar dtús in 2025, breathnaíodh ar riachtanais oideachais agus oiliúna sna Ballstáit ar fad agus bainfear leas as an eolas sin sna chéad chéimeanna eile den tionscadal in 2025.



Cuspóir Straitéiseach 3:

Forbróimid ár gcumais eagraíochtúla agus ag an am céanna déanfaimid samhail rialála inbhuanaithe a chothú

An Múnla Rialála don am atá le Teacht

In 2024, lean CORU ar aghaidh leis an obair le go mbeidh próisis rialála éifeachtach agus oiriúnach amach anseo. Cuireadh an Tuarascáil Sonraí Lárbhlíana um an Rialáil Inbhuanaithe faoi bhráid na Roinne Sláinte agus faoi bhráid na Comhairle, béim á leagan sa tuarascáil ar an dea-thionchar ag baint le hathruithe oibríochtúla, cuir i gcás níos mó cúraimí ag baint le hamlínte iarratais a fhágáil faoi chúram an Chláraitheora.

Agus an tuarascáil curtha i láthair, shocraigh an Chomhairle ar athbhreithniú a dhéanamh ar an treo a rachadh tionscadal na rialála inbhuanaithe agus na chéad chéimeanna eile a mheas. Chun an obair seo a threorú amach anseo, rinneadh an cinneadh Grúpa Comhairleach Saineolaithe seachtrach a bhunú, a mbeadhaineaineolaithe rialála idirnáisiúnta air, chun moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle agus, sa deireadh thiar, faoi bhráid an Aire, maidir le múnla rialála agus rialachais don am atá le teacht le go mbeadh an tsolúbthacht ann le freagairt do thimpeallacht a bhíonn ag athrú go gasta i dtaobh seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta a chur ar fáil in Éirinn.

Forbairtí Reachtacha agus Dul Chun Cinn

Bhí CORU i dteagmháil leis an Roinn Sláinte i gcaitheamh 2024 le dul chun cinn a dhéanamh ar leasuithe ar an Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú). Cuirfear an Bille seo chun cinn in 2025. Dá thoradh air, beidh Boird Chláirúcháin in ann cleachtadh gairme a rialáil den chéad uair, ar bhonn níos leithne ná an iontráil, nuair a aithnítear baol ann do chosaint an phobail.

Tá na fisiteiripeoirí ar an gcéad ghairm atá á rialáil ag CORU a bhfuil cead acu tabhairt faoi ghníomhaíocht atá á rialáil. Sa chás seo, tá siad in ann daoine a atreorú le dul faoi ghnáthaimh raideolaíocha ina n-úsáidtear an radaíocht ianúcháin, má bhíonn an t-oideachas agus an oiliúint chuí curtha i gcrích ag na gairmithe agus an cháilíocht chuí bainte amach acu. Seo an chéad ghairm as na gairmeacha atá á rialáil againn a bhfuil an deis iontu tabhairt faoi ghníomhaíochtaí cleachtais fheabhsaithe. Leis na leasuithe reachtaíochta, déanfar foráil le go mbeidh na córais rialála riachtanacha ag CORU chun an pobal a chosaint agus chun tacú le gairmithe cúraim sláinte agus shóisialta agus cúram á sholáthar acu faoi Sláintecare.

An tAistriú Digiteach agus Feabhsuithe Oibríochtúla

Rinne CORU dul chun cinn suntasach in 2024 ar chlár oibre na heagraíochta don aistriú digiteach ar mhaithe le rialú níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe.

➤ Córas bainistíochta na gCláraithe

Baineadh garsprioc shuntasach amach in 2024 nuair a seoladh córas comhtháite nua CORU a cuireadh i ngníomh ar an 25 Samhain 2024. Is ansin a aistríodh gach clár a bhí cheana ann agus gach iarratas gníomhach chuig aon chóras comhtháite amháin. Leis seo, déantar foráil do phróiseas cuíchóirithe chun cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint agus d'iarratais ar chlárúchán. Bhíodh an dá phróiseas sin a mbainistiú roimhe seo ar dhá chóras TF ar leith. Baineadh leas as diantástáil úsáideoirí agus fíorú sonraí láimhe le go mbeadh an córas réidh. Beifear in ann leas a bhaint as an tairseach nua le haghaidh clárúcháin agus aitheantais d'iarratais agus cláraithe chun feabhsuithe eile a bhaint amach ó thaobh agáí próiseála le go mbeidh an próiseas níos sásúla ag lucht a úsáide in 2025.

➤ **Dlí agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh Uasghrádú ar an gCóras**

Rinne CORU an córas bainistíochta cásanna a aistriú chuig ardán néalbhunaithe chun an bonneagar a nuachóiriú agus chun slándáil agus athshlánú sonraí a fheabhsú. Fágfaidh sé sin go mbeifear in ann oibríochtaí sofheagrúla réamhghníomhacha rialála a sholáthar.

➤ **Vótáil ar líne do Bhoird Chlárúcháin**

Cuireadh leis an aistriú digiteach le toghcháin CORU a chlúdach. Seoladh an chéad vótáil ar líne do chomhaltaí gairmiúla boird i gcás na ndiatéiteach. Tháinig ardú ó 10% (ar pár) go 15% (ar líne) ar rannpháirtíocht vótálaithe. Rachaidh gach bord ar aghaidh go próiseas vótála ar líne ó 2025 ar aghaidh.

Seirbhísí Dlí a fháil

Fuarthas creat nua seirbhísí dlí trí bhíthin tairiscint iomaíoch chun freastal ar an méadú ar éileamh i bhfeidhmeannas na ngearán agus an aidhm ann éifeachtúlacht níos fearr ó thaobh costais de a dheimhniú chomh maith le soláthar seirbhísí ardchaighdeán.

Feabhsuithe ó thaobh Dearbhú Cáilíochta Oideachais de

D'eisigh CORU treoir úr i dtaobh Aitheantas réamhfhoghlama (RPL) faoina dtaispeántar do gach soláthraí oideachais bealaí ar féidir conairí foghlama éagsúla a thabhairt chun na caighdeáin riachtanacha a chomhlíonadh.

Ar a bharr sin, sheol CORU Beartas maidir le Cláir a Cheadú agus a Mhonatóiriú a chlúdaíonn cláir oideachais agus oiliúna. Is é is aidhm don bheartas feabhas a bhaint amach ó thaobh oscailteachta de i gcás cláraithe a roghnaítear le go ndéanfar iniúchadh orthu agus tacú le Boird Chlárúcháin a bhfreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh. Cuireadh an Beartas maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach faoi bhráid Lónra Oifigigh na gComhlachtaí Gairmiúla Cúraim Sláinte agus Shóisialta don fhorbairt ghairmiúil leanúnach, scaipeadh é le linn imeachtaí comhlachtaí gairmiúla agus cuireadh chun cinn é ar chainéil CORU ar na meáin shóisialta.

I dteannta a chéile, léiriú atá sna tionscnaimh seo ar dhúthracht leanúnach CORU i dtaobh córais a nuachóiriú, seirbhísí a fheabhsú, agus timpeallacht rialála a chothú a bheidh freagrúil agus a sheasfaidh an aimsir.


D'úsáid CORU SharePoint chun an plé le soláthraithe oideachais agus foirne athbhreithnithe a fheabhsú, forbairt atá ag teacht le straitéis dhigiteach na heagraíochta. Cuireadh le chéile nós imeachta caighdeánach, sonraíochtaí poist agus critéir earcaíochta nua do bhaill den fhoireann athbhreithnithe, cuireadh i bhfeidhm iad agus cuireadh oiliúint tacaíochta ar fáil ina leith. Ar a bharr sin, cuireadh doiciméid teorach nua le chéile chun soiléireacht a thabhairt i dtaobh fadhbanna coitianta in iarratais ó sholáthraithe oideachais a shoiléiriú.

Agus súil á caitheamh ar an am atá le teacht, tá CORU ag breathnú ar dheiseanna feabhsaithe trí bhíthin taighde bunaithe ar thairiscintí maidir le maoirseacht ar shocrúcháin chliniciúla, teilileigheas agus cur chuige don fhorbairt ghairmiúil leanúnach bunaithe ar an riosca. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an bhfeidhmeannas ar na torthaí faoi láthair. Tá an cuspóir ann doiciméid teorach a chur le chéile in 2025.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Chuir CORU Beartas nua le chéile don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL). Tugadh é sin isteach in 2024 roimh na hiniúchtaí do radagrafaithe, diaitéitigh agus teiripeoirí urlabhra agus teanga. Is é is aidhm don bheartas feabhas a bhaint amach ó thaobh oscailteachta de i gcás cláraithe a roghnaítear le go ndéanfar iniúchadh orthu agus tacú le Boird Chlárúcháin a bhfreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh. Cuireadh an Beartas maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach faoi bhráid Lónra Oifigigh na gComhlachtaí Gairmiúla Cúraim Sláinte agus Shóisialta don fhorbairt ghairmiúil leanúnach, scaipeadh é le linn imeachtaí comhlachtaí gairmiúla agus cuireadh chun cinn é ar chainéil CORU ar na meáin shóisialta.

I dteannta a chéile, léiriú atá sna tionscnaimh seo ar dhúthracht leanúnach CORU i dtaobh córais a nuachóiriú, seirbhísí a fheabhsú, agus timpeallacht rialála a chothú a bheidh freagrúil agus a sheasfaidh an aimsir.



Cuspóir Straitéiseach 4:

Méadóimid feasacht ar ár ról don phobal a chosnaímid agus na gairmithe a rialaímid

Plé le Páirtithe Leasmhara agus Forbairt ó thaobh Ionadaíochta de

Forbairt ar an Rannpháirtíocht ó thaobh Rialachais agus Maoirseachta de

In 2024, bhí CORU dírithe arís ar a chuid iarrachtaí le comhaltaí gairmiúla agus tuata a earcú le dul ar an gComhairle, boird chlárúcháin, coistí, agus athbhreithnithe ar chláir oideachais agus oiliúna, chomh maith le measúnóirí a earcú. Seo samplaí de na hiarrachtaí sin: feabhsú ar an ábhar maidir le ceapacháin phoiblí, teagmháil go díreach le cumainn ghairmiúla, le grúpaí abhcóideachta agus le heagraíochtaí pobail le méadú a bhaint amach ar an líon iarratas ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht. Tá dul chun cinn déanta, ach tá dúshlán fós ann mar gheall ar shrianta reachtaíochta i dtaobh comhaltaí an Bhoird. Is de réir na reachtaíochta a dhéantar an líon comhaltaí ar na Boird a shocrú, mar shampla. Dá réir, is iondúil go mbíonn ionadaithe na ngairmeacha ina léiriú ar an éagsúlacht a bhíonn sna gairmeacha siúd faoi seach.

Cumarsáid agus Feasacht

Teagmháil leis an bPobal agus Rannpháirtíocht an Phobail

Rinne CORU dul chun cinn suntasach in 2024 chun an pobal a chur ar an eolas agus plé níos fearr a dhéanamh le gairmithe, príomhpháirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne. Léiriú atá sna hiarrachtaí seo ar ár ndíograis i rith an ama faoin trédhearcacht, cothú muiníne agus oideachas faoin timpeallacht rialála san earnáil cúraim sláinte agus earnáil cúraim shóisialta in Éirinn.

Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara agus an Phobail

In 2024, tháinig méadú suntasach ar an teagmháil a rinne comhaltaí den Oireachtas agus daoine den phobal linn go díreach. Léiriú atá sa mhéid sin ar an gcáil atá ar CORU mar chomhlacht rialála iontaofa. Gné a bhí lárnach inár gcuid oibre ná comhairliúcháin phoiblí le go gcuirfí tuairimí gairmithe agus daoine a úsáideann seirbhísí san áireamh agus beartas agus cleachtas á bhforbairt. Chuireamar 19 seisiún oiliúna i láthair do sholáthraithe oideachais agus 5 sheisiún d'fhoirne athbhreithnithe, é sin ag tacú go díreach le soláthar clár ardchaighdeán poiblí oideachais.

Ghlac CORU páirt i mórimeachtaí poiblí, cuir i gcás an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, an Mórthaispeántas Roghanna Ardoideachais agus Seachtain Feasachta Seirbhísí Cónaithe do Leanaí chun bheith ag plé leis an bpobal amuigh ina measc. Bhí na himeachtaí seo ríthábhachtach in iarrachtaí chun feasacht daoine a spreagadh faoin rialáil agus le daoine a spreagadh le clárú go luath, go háirithe i measc oibrithe cúraim shóisialta.

An Trédhearcacht ar mhaithe le Muinín an Phobail a chothú

Baineadh leibhéal níos airde ná riamh amach ó thaobh spéis an phobail i bpríomhsheirbhísí CORU de, cuir i gcás an clár á sheiceáil ag daoine (méadú 77% ar an méid uaireanta a breathnaíodh ar leathanaigh ghréasáin), iarratas á dhéanamh ag daoine ar aitheantas gairmiúil do cháilíochtaí idirnáisiúnta (méadú 95% ar an méid uaireanta a breathnaíodh ar leathanaigh ghréasáin) nó an clárúchán féin (méadú 120% ar an méid uaireanta a breathnaíodh ar leathanaigh ghréasáin). Léiriú atá san fhás ar an láithreán gréasáin agus ar na meáin shóisialta go bhfuil feasacht níos láidre ann ar ról CORU i dtaobh úsáideoirí seirbhísí a chosaint agus caighdeán arda ghairmiúla a choinneáil i bhfeidhm. (Cf. an Ghrafaic Eolais: Súil Siar ar an mBliain).

Feiceálacht na hEagraíochta a fhorbairt sa Réimse Digiteach

Uirlisí tábhachtacha rannpháirtíochta iad na hardáin dhigiteacha a bhfuilimid páirteach iontu. Tháinig borradh faoin méid tráchta ar an láithreán gréasáin i ngach ceann de na rannóga móra, go háirithe gairmithe atá á rialáil anois as an nua, cuir i gcás Oibrithe Cúraim Shóisialta (méadú 226% ar an líon uaireanta a breathnaíodh ar an láithreán gréasáin). Chomh maith leis sin, tháinig fás suntasach ar an teagmháil le cainéil ar na meáin shóisialta (méadú 56% ar an líon leantóirí ar LinkedIn), forbairt a chuidigh le CORU dul i dteagmháil le lucht léitheoireachta agus féachana níos fairsinge agus treoir, eolas nua agus ábhar oideachais a scaipeadh. (cf. an ghrafaic eolais: súil siar ar an mbliain)

Rochtain agus Tuiscint níos fearr

Bhí tionscnaimh ann á dtreorú ag aonaid éagsúla ghnó, na haonaid seo ina measc: Cáilíocht agus Dearbhú Oideachais, Clárúchán, Aitheantas, Bainistiú Páirtithe Leasmhara agus Cumarsáid. Bhíothas ag féachaint sna tionscnaimh le faisnéis a shimpliú, próisis iarratais a nuachóiriú agus acmhainní teorach a fheabhsú.

Seoladh feachtas cumarsáide céimithe ó chlár cheadaithe a ghríosú le hiarratas a chur isteach go luath sa dóigh is go bhféadfaí tacú leis an gcéad ghlúin eile de chlárúchán. Rinneadh bileoga faisnéise saindeartha a fhorbairt, treoir shonrach san áireamh d'oibrithe cúraim shóisialta a bheadh ag clárú ar an gcóras nua. Bhí seimineár gréasáin ann (i gcomhar le FSS) chun tacú le hiarratasóirí nua sa phróiseas clárúcháin.

Reáchtáladh seimineár gréasáin éifeachtach d'iarratasóirí idirnáisiúnta i gcomhar le FSS i mí na Samhna 2024. Bhí breis agus 400 duine i láthair ann. Mar chuid den imeacht, tugadh treoir i dtaobh aitheantas do cháilíochtaí i gcás iarratasóirí idirnáisiúnta agus próisis chlárúcháin. Cuireadh taifeadtaí de ar shuíomh gréasáin CORU.

Mar thoradh ar na hiarrachtaí sin, bhí teacht níos fearr ann ar sheirbhísí agus, lena chois sin, bhí tacaíocht ann don sprioc níos leithne, is é sin cúrsaí rialála a shimpliú agus muinín a chothú i measc an phobail agus daoine gairmiúla.

Comhar Gairmiúil agus Comhar Idirnáisiúnta

Plé le Comhlachtaí Gairmiúla agus le Ceardchumainn

In 2024, chuir CORU go mór leis an bplé a dhéanann an eagraíocht le comhlachtaí agus ceardchumainn ionadaíocha na ngairmeacha, aitheantas á thabhairt don ról ríthábhachtach atá ag na páirtithe leasmhara seo tacaíocht a thabhairt sa rialáil agus an timpeallacht rialála a mhúnlú.

Tionóladh cruinnithe le réimse leathan eagraíochtaí, cuir i gcás Cónaidhm na nOptaiméadraithe agus na Radharceolaithe Dáiliúcháin (FODO), Cumann Oibrithe Sóisialta na hÉireann, FORSA (rannán na síceolaíochta san áireamh), Cumann Síceolaithe Éireann, Cumann Fisiteiripeoirí Cairte na hÉireann, Cumann na dTeiripeoirí Ceirde, Optaiméadracht Éireann, Cumann na nEolaithe Saotharlanna Míochaine (MLSA), Cúram Sóisialta Éireann agus Acadamh na hEolaíochta Cliniciúla agus an Leighis Saotharlainne (ACSLM).

Bhíomar i mbun plé le breis agus 20 comhlacht gairmiúil agus poiblí síceolaíochta (Cumann Síceolaithe Éireann, FSS, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus TUSLA ina measc) ag forbairt ar an gcomhar maidir lena bhfuil i ndán don rialáil ar ghairmeacha na síceolaíochta in Éirinn.

Reáchtáil CORU cruinnithe leathbhliantúla de Lónra Oifigigh na gComhlachtaí Gairmiúla Cúraim Sláinte agus Shóisialta, ceann acu i mí na Bealtaine agus an ceann eile i mí Dheireadh Fómhair. Bhí fóram ríthábhachtach ann a bhuí leis na cruinnithe seo le tuairiscí chun dáta a scaipeadh, le ceachtanna ón iniúchadh ar fhorbairt gairmiúil leanúnach a phlé agus le bealaí a aimsiú chun tacú níos mó leis an bhforbairt gairmiúil san earnáil ar fad.

Bhí CORU páirteach in imeachtaí tábhachtacha agus, mar sin, gníomhach sa phobal gairmiúil ar bhonn níos ginearálta. D'fhreastail ionadaithe thar ceann na heagraíochta ar Chomhdhála Bliantúla á reáchtáil ag comhlachtaí gairmiúla. Chuir siad póstaer taighde i láthair le linn Chomhdháil na nGairmithe Cúraim Sláinte agus Shóisialta, agus tacaíocht ann don imeacht sin ó Oifig Náisiúnta FSS Gairmithe Cúraim Sláinte agus Shóisialta.

D'fhreastalaíomar ar chomhdhála náisiúnta maidir leis an bhFeidhmiúlacht chun Cleachtadh a athchóiriú le go mbeimis in ann an dioscúrsa poiblí a mhúnlú agus muinín a chothú as nósanna imeachta rialála.

Mar thoradh ar an bplé seo, tá éirithe linn comhar níos fearr a chothú, eolas nua ar chúrsaí rialála a scaipeadh san am cuí agus teacht ar chomhthuiscint ar na dúshláin ghairmiúla atá ag teacht chun cinn.

Rannpháirtíocht i gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta

Leagadh béim mhór ar an gcomhar idirnáisiúnta chomh maith. Chuir CORU fáilte roimh an gComhghuaillíocht Scileanna Cúraim agus Forbartha chuig Margadh na Feirme i mBaile Átha Cliath, dream rialálaithe don obair shóisialta agus cúram sóisialta ó gach cearn den Ríocht Aontaithe. Mar gheall ar rannpháirtíocht seo na heagraíochta, foghlaimíodh ceachtanna fiúntacha trasdlínse maidir leis an lucht saothair a rialáil san obair shóisialta, sa chúram sóisialta agus sna luathbhlianta. Bhí CORU páirteach fosta i gcruinniú na Comhghuaillíochta a reáchtáil Cúram Sláinte na Breataine Bige i mí Mheán Fómhair. Cuireadh fáilte roimh chomhghleacaithe rialála idirnáisiúnta a bhí ar cuairt ón Nua-Shéalainn agus ón Astráil agus bhíodhas in ann eolas a mhalartú ar a chéile. Léiriú a bhí sa mhéid sin ar oscailteacht agus ar chleachtais CORU ó thaobh na cuntasachta de.

Imeachtaí Inmheánacha Rannpháirtíochta

Bhíomar dírithe fosta ar an gcumarsáid agus rannpháirtíocht a fheabhsú idir na boird chlárúcháin, coistí agus an Chomhairle. Ócáid a bhí i gceist sa réimse seo ná gur chuireamar imeacht ar siúl do na Cathaoirligh inar cuireadh i láthair tionscnaimh straitéiseacha lárnacha a ndéanann an Chomhairle maoirseacht orthu. Agus súil chun cinn á caitheamh ar 2025, tá sé beartaithe againn seisiúin a reáchtáil do na comhaltaí ar fad de na boird chlárúcháin, den Chomhairle agus de choistí na Comhairle. Beidh aoichainteoirí ann le labhairt ar fhorbairtí tábhachtacha ó thaobh na rialála de. Anuas ar an méid sin, déanfaimid imeachtaí leathbhliantúla do na Cathaoirligh a reáchtáil ar bhonn leanúnach.

Ról na heagraíochta sa dul chun cinn ar Rialáil na Síceolaithe

Bhí CORU i mbun plé ar bhonn fairsing in 2024 le Cumann Síceolaíochta na hÉireann agus le páirtithe leasmhara eile le tuairiscí chun dáta a chur in iúl maidir le rialáil reachtúil síceolaithe. Samplaí den phlé a bhí ann ná cruinnithe leis na rannpháirtithe cuí, cuir i láthair go poiblí, agus rannpháirtíocht i gcruinniú cinn bliana Chumann Síceolaithe Éireann. Bhíodhas ag obair le comhthoil a chothú i leith múnla leis an teideal ‘síceolaí’ a chosaint agus i leith múnla rialála do na rannáin éagsúla den chlár mar shíceolaí cliniciúil, comhairleoireachta, oideachais agus ansin go díreach mar shíceolaí.

Chuir CORU fáilte roimh Chathaoirleach Bhord Síceolaíochta na hAstráile agus ionadaithe ó Ghníomhaireacht Rialála Cleachtóirí Sláinte na hAstráile i mí Iúil 2024 chomh maith. Eagraíodh comhchruinnithe leis an Roinn Sláinte, FSS agus le Bord Clárúcháin na Síceolaithe le tuairimí a phlé agus ceachtanna idirnáisiúnta a mhalartú maidir le modhanna rialála.



Cuspóir Straitéiseach 5:

Beidh taighde agus léargais fhianaise-bhunaithe mar bhonn agus mar thaca ag ár n-idirghabhálacha rialála.

Cinnteoireacht á fágáil faoi Chúram an Chláraitheora seachas na Boird Chláirúcháin

Cuireadh go mór in 2024 leis an gcóras chun cinnteoireacht a fhágáil faoi chúram an Chláraitheoirí i gcás na n-iarratas ar aitheantas agus ar chlárúcháin. Féadfaidh Boird Chláirúcháin an fhreagracht as cinnteoireacht a a fhágáil faoi chúram an Chláraitheora anois.

Socraíonn gach bord féin na paraiméadair dá leithéid. In 2024, chuir gach Bord Clárúcháin leis an bplean a bhí socraithe acu roimhe sin i dtaobh freagrachtaí a fhágáil faoi chúram an Chláraitheora, an méid sin bunaithe ar na sonraí a ndearnadh anailís orthu agus curtha faoi bhráid gach Boird Clárúcháin ag an bhFeidhmeannas.

Tá méadú suntasach tagtha ar an méid cinntí a rinne an Cláraitheoir dá bharr. Déanann an Cláraitheoir athbhreithniú ar iarratais agus tugann cinntí ina leith gach seachtain. Mar thoradh air sin, tá feabhas leanúnach tagtha ar amlínte i gcás na n-iarratas ar aitheantas agus clárúcháin.

Na Creat-Chaighdeáin Inniúlachta agus an Creat maidir leis na Critéir do Chláir Oideachais agus Oiliúna

Leagann Comhairle CORU síos creatchaighdeáin agus na critéir do gach gairm atá á rialáil sa chúram sláinte agus sóisialta. Cuirtear in oiriúint iad ag brath ar riachtanais gach gairme acu. Istigh leis na creataí seo tá riachtanais oideachais agus oiliúna sular féidir clárú ionas go gcomhlíonfaidh cláraithe amach anseo caighdeáin ghairmiúla chun cúram sábháilte éifeachtach a chur ar fáil. Tá béim á leagan i straitéis 2022-2026 na Comhairle ar na gealltanais atá tugtha ag an gComhairle go ndéanfar na caighdeáin oideachais agus critéir oiliúna a leasú chun dáta le go mbeidh siad ag teacht le forbairtí ar chleachtais agus ar fhianaise.

Tugadh faoi chomhairliúchán poiblí 12 sheachtain ó mhí Feabhra 2024 i dtaca leis an dréacht-Chreat athbhreithnithe le haghaidh Caighdeáin Inniúlachta agus Critéir na Comhairle do Chláir Oideachais agus Oiliúna. Anuas ar an méid sin, bhí seisiúin fócasghrúpaí ann le páirtithe leasmhara tábhachtacha, cuir i gcás soláthraithe oideachais, athbhreithneoirí oideachais, measúnóirí aitheantais, boird chlárúcháin, comhaltaí den Choiste Réamhimeachtaí agus daoine a úsáideann an tseirbhís. Baineadh leas as an aiseolas le go bhféadfadh Coiste Oideachais na Comhairle leasuithe a dhéanamh ar na dréachtchaighdeáin i dtaobh cáilíocht oideachais.

Tar éis dóibh na dréachtaí athbhreithnithe, na tuarascálacha ag gabháil leo agus an réasúnaíocht ar fad a tugadh leis na hathruithe beartaithe ar fad a chíoradh go mion, chinn an Coiste Oideachais an dá dhoiciméad a mholadh le go ndéanfaidh an Chomhairle iad a mheas agus a cheadú. Bhí na Caighdeáin Inniúlachta athbhreithnithe agus na Critéir athbhreithnithe do Chláir Oideachais agus Oiliúna formheasta ag an gComhairle go luath in 2025.

An tAcht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023 agus an Creat um Nochtadh Oscailte

Le tosach feidhme an Achta um Shábháilteacht Othar, 2023, agus an Chreata um Nochtadh Oscailte i Meán Fómhair 2024, tugadh isteach forálacha agus próisis reachtúla nua a imríonn tionchar ar sholáthar cúraim sláinte agus sóisialta. Mar chuid den ullmhúchán le haghaidh ceanglas nua tuairiscithe do rialálaithe atá le tabhairt isteach in 2025, rinne CORU athbhreithniú ar chaighdeáin, cóid agus nósanna imeachta cuí na heagraíochta ionas go mbeidís ag cloí leis an mBeartas Náisiúnta um Nochtadh Oscailte agus lena chinntiú go ndéanfaidh na caighdeáin agus an cód gairmiúil iompair agus eitice na cláraithe a ullmhú go sásúil chun cloí leis na ceanglais reachtacha agus leis na prionsabail um an nochtadh oscailte a bhfuil an Beartas Náisiúnta mar bhonn fúthu.

Treoir Nua: Tarmligean agus Maoirseacht sa Chleachtas

Rinneadh dul chun cinn ar fhorbairt treoirlínte do chláraithe agus d'fhostóirí ina leagtar amach na freagrachtaí atá orthu maidir le cúraimí a leagan ar dhaoine sna gráid chúnta agus maoirseacht a dhéanamh orthu, an méid sin chun tacú le cláraithe a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gCód um Iompar Gairmiúil agus Eitic. Cuirfear an treoir seo i gcrích, foilseofar í agus déanfar í a scaipeadh ar ár gcláraithe agus páirtithe leasmhara in 2025, tar éis dúinn tabhairt faoi phróiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara.

Athbhreithniú ar an gCód Iompair Ghairmiúil agus Eitice

I gcomhréir leis an ngealltanas atá tugtha ag CORU ó thaobh na straitéise de, tá athbhreithniú ar bun ar an gCreatchód um Iompar Gairmiúil agus Eitic, a ndearnadh athbhreithniú air an t-am deireanach in 2018. Táthar tar éis taighde idirnáisiúnta a choimisiúnú chun treochtaí atá ag teacht chun cinn a shonrú agus chun eolas a chur ar fáil don athbhreithniú. Beifear ag leanúint ar aghaidh leis an athbhreithniú ar na Cóid um Iompar Gairmiúil agus Eitic Ghairmiúil in 2025 do na gairmeacha ar fad atá á rialáil.

2024 CORU Súil siar ar an mBliain

Na Cláir

Iarratais le clárú
in 2024

3,823

↑
+37% Méadú
ar 2023

Líon na gCláraithe

30,299

↑
+12% Méadú
ar 2023

↑
+49% Méadú thar
5 bliana
(2020-2024)



Inscne na gCláraithe




● Baineannach
24,502
80.86%

● Fireannach
5,786
19.09%

● Eile
11
0.04%

Próifíl Aoise na gCláraithe



● 21 - 30	6,800 (22%)
● 31 - 40	9,746 (32%)
● 41 - 50	8,291 (27%)
● 51 - 60	4,017 (13%)
● 61 - 70	1,335 (4%)
● 71 - 80	104 (0%)
● 81 - 90	6 (0%)
● 90 - 99	N/A

22%


An céatadán de
na cláraithe uile
atá faoi bhun 30
bliain d'aois



Fisiteiripeoirí, radagrafaithe agus teiripeoirí saothair

atá in **51%** de na daoine faoi bhun 30 bliain d'aois atá ar an gclár

Líon na gCláraithe de réir Gairme 2020 go 2024



Laghdú ar am próiseála iarratas

91 lá



-43%



51 lá

Meán-líon laethanta sa mhí - Ean 2024

Meán-líon laethanta sa mhí - Nol 2024

585

Líon na gcláraithe a baineadh de chlár



+33%

Méadú ar bhaint de dheasca neamhíocaíochta



-35%

Laghdú ar bhaint dheonach

Aithint Iarrthóirí Idirnáisiúnta

2,349

líon na n-iarratas um aithint cáilíochtaí idirnáisiúnta a cuireadh i gcrích

Líon na n-iarratas a cuireadh i gcrích:

- ✓ Fisiteiripeoirí: 742
- ✓ Radagrafaí: 481
- ✓ Oibrí Sóisialta: 333

4,172

Líon iomlán na gcláraithe idirnáisiúnta ó 92 tír



os cionn 13%

An céatadán de na cláraithe a liostáil a náisiúntacht mar neamh-Éireannach

Dearbhú Cáilíochta Oideachais

13

Líon na gceaduithe faoin gclár

2

- ✓ Líon na bhFodhlíthe
- ✓ Cáilíochta a Ceadáíodh

Iniúchadh ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach

Líon na ngairmithe a roghnaíodh le dul faoi iniúchadh

52 Bia-eolaí

118 Radagrafaí agus teiripeoir radaíochta

75 Teiripeoir urlabhra agus teanga



Rialachas agus Comhlíonadh



27

Líon na n-iarratas um SF



11

Líon na n-iarratas ó dhaoine is ábhar do shonraí

AD

97

Ball Foirne
2 phost nua in 2024



Dlí agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh

Feidhmiúlacht chun Cleachtadh - an Coiste Réamhimeachtaí (PPC)



62

Líon na ngearán atá ar oscailt



37

Líon na ngearán a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe

15

Líon na gcásanna a d'atreoraigh PPC lena bhfiosrú

3

An líon a cuireadh ar fionraí láithreach

3

Líon na n-orduithe um Fionraí Láithreach ón Ard-Chúirt

Fiosrúcháin

19

Líon na bhfiosrúcháin a tionóladh



17

An líon a éisteadh os comhair an Choiste Iompair

2

An líon a éisteadh os comhair an Choiste Sláinte



14

Líon na ngearán a dúnadh in 2024

Forfheidhmiú

28

Líon na gcásanna a d'oscail an tAonad Forfheidhmithe in 2024

28

Líon na ngníomhartha forfheidhmiúcháin a rinneadh

Tháinig an Coiste Fiosrúcháin le chéile ar **39 lá** in 2024 (Fiosrúcháin agus Bainistíocht Cásanna)

Rinneadh fiosrúcháin i leith **19 ngearán** (gan Bainistíocht Cásanna a áireamh)

Achomhairc

125

Líon na n-iarratas achomhairc a fuarthas



99

An líon a bhain le hiarratasóirí ar aitheantas

26

An líon a bhain le hiarratasóirí ar chlárúchán

55

Líon na n-achomharc a cuireadh i gcrích



Cumarsáid

Na Meán Sóisialta in 2024



16,500  **+5,900**

líon na leantóirí ar LinkedIn



4,000  **+200**

líon na leantóirí ar X (Twitter)



1,400  **+450**

líon na síntiúsóirí ar YouTube

Gnóthaí Poiblí

22 

Líon na gCeisteanna Parlaiminte a fuarthas

90

Líon na n-uiríoll ó chomhaltaí de chuid an Oireachtais

Na Meáin

7  Líon na bhfiosrúchán a fuarthas ó na meáin

Comhairliúcháin Phoiblí

6  Líon na gComhairliúcháin Poiblí a osclaíodh in 2024

Sonraí Gréasáin

Líon na n-amharc leathanaigh agus méadú ó 2023.

Leathanach Baile

298,000  **+128%**

Cuardach an Chláir

375,000  **+77%**

Iarratais ar chláir

143,000  **+120%**

Iarratais ar Aithint Cáilíochtaí

143,000  **+95%**

Oibrithe Cúraim Shóisialta

109,000  **+226%**

Seirbhís do Chustaiméirí

43

Líon na ngearán faoi sheirbhís do chustaiméirí a fuarthas

0

Líon na n-achomharc a fuarthas maidir le gearáin faoi sheirbhís do

5

Líon na ngearán a fuair Oifig an Ombudsman 



Réitithe gan aon chás le freagairt



Cláir CORU

Tháinig athruithe móra chun cinn ó thaobh clárúcháin Gairmithe Cúraim Sláinte agus Shóisialta de in 2024. Tháinig méadú suntasach 73% ar an líon iarratas a fuair CORU i gcomparáid le 2023, é sin taobh le laghdú 42% ar amlínte próiseála. An tréimhse ar an meán le hiarratas a phróiseáil in 2024 ná 52 lá ón uair a gheofaí iarratas líonta.

Garsprioc mhór a baineadh amach ná gur cuireadh Córas Bainistithe Cláraithe CORU i mbun oibre i mí na Samhna in 2024. Faoi gcóras seo, tá próiseas comhtháite cuíchóirithe ann d'iarratasóirí idirnáisiúnta agus iarratasóirí in Éirinn, forbairt a chuireann go mór le héifeachtúlacht an phróisis clárúcháin. Den chéad uair, bhí iarratasóirí in ann gach gné den chlárúchán agus den aitheantas cáilíochtaí a rianú san fhíor-am ar aon tairseach amháin.

Mar thoradh ar an gcóras nua, is féidir cumarsáid a dhéanamh ó áit lárnach agus cuirtear tuairiscí chun dáta san fhíor-am ar fáil faoi phróiseas an iarratais. Tá seirbhísí eile ar fáil ann chomh maith, cuir i gcás imeacht go deonach ón gclár, dul ar ais ar an gclár agus iarratais ar litreacha dea-stádaí i gcás daoine a bheadh ag iarraidh a ngairm a chleachtadh thar lear. Cuireadh an córas seo i bhfeidhm d'oibrithe cúraim shóisialta in 2023. Bhíothas in ann é a chur ar fáil do gach iarratasóir agus cláraí mar sin in 2024. Agus súil á caitheamh chun cinn, tá gealltanais tugtha ag CORU go ndéanfaidh na próisis chun cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint agus próisis chlárúcháin a chuíchóiriú níos mó in 2025. Beidh an tairseach ar líne mar chuid den obair sin in 2025. Mar thoradh ar an bhforbairt leanúnach seo, beidh sé níos fearr d'úsáideoirí, go háirithe iarratasóirí a bhfuil cáilíochtaí idirnáisiúnta acu.

Bhí fás ann arís in 2024 ar an líon gairmithe ar chlár CORU. Bhí méadú 12.6% san iomlán ann. Díol suntais a bhí ann ná an fás suntasach a tháinig ar an líon iarratas ar chlár na n-oibrithe cúraim shóisialta. Bhí 80 iarratas ann sa chéad mhí tar éis an clár a oscailt in 2023 agus 2,283 iarratas faoi dheireadh 2024. Faoi dheireadh na bliana 2024, bhí 1,139 oibrí cúraim shóisialta tar éis a gclárúchán a chur i gcrích go sásúil.

Maidir leis an bhfás suntasach seo, an chúis a bhí leis ná gur éirigh le feachtas spriocdhírthe cumarsáide a bhí dírithe ar chleachtóirí agus a bhfostóirí. Anuas air sin, cuireadh foireann ar fáil le tacaíocht chuí a chur ar fáil d'iarratasóirí ar an gclár d'oibrithe cúraim shóisialaigh le go mbeadh an tacaíocht chuí acu leis an bpróiseas clárúcháin a chur i gcrích.

Staitisticí ginearálta clárúcháin

– Súil siar ar 2024


Líon na gCláraithe de réir Gairme 2020-2024

Gairm	2020	2021	2022	2023	2024
Bia-eolaithe	1,110	1,203	1,308	1,452	1,599
Radharceolaithe Dáileacháin	203	207	215	217	221
Eolaithe míochaine	462	1,534	2,524	3,003	3,277
Teiripeoirí ceirde	3,018	3,193	3,365	3,554	3,817
Optaiméadraithe	895	933	970	995	1,049
Fisteiripeoirí	4,650	5,323	5,610	5,927	6,390
Coslianna	níl i gceist	28	135	285	482
Radiographers	3,049	3,257	3,501	3,782	3,602
Teiripeoir Radaíochta					583
Oibrithe Cúraim Shóisialaigh	níl i gceist	níl i gceist	níl i gceist	níl i gceist	1,139
Oibrithe Sóisialta	4,843	4,983	5,146	5,336	5,638
Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga	2,082	2,205	2,296	2,389	2,502
Líon iomlán	20,312	22,866	25,070	26,940	30,299

Líon iomlán Cláraithe nua Eanáir – Nollaig 2024

Cuireadh 3,823 cláraí nua le cláir CORU in 2024 sna gairmeacha cúraim sláinte agus shóisialta ar fad. Léiriú atá sa líon sin ar an bhfás ginearálta ar an líon gairmithe atá ag dul isteach sa lucht saothair rialáilte, diomaite d’aon daoine a baineadh de na cláir le linn na bliana. Tá na cláraithe nua seo ina léiriú ar an bhfás leanúnach ar an lucht saothair sa chúram sláinte agus sóisialta atá á rialáil agus ar fheidhmiú sásúil phróisis chuíchóirithe chlárúcháin CORU. Léiriú atá san fhairsingiú seo ar dhúthracht CORU i dtaobh tacú leis na gairmeacha seo trí bhíthin próisis chlárúcháin atá éifeachtúil agus furasta a thuiscint.

Cláraithe nua Eanáir - Nollaig 2024 (3,823 duine)



Daoine a baineadh de na Cláir – 2021 go 2024

In 2024, baineadh 585 cláraí den chlár toisc nár íoc siad na táillí nó toisc gur tharraing siad siar uaidh dá ndeoin féin. Laghdú 5% atá ansin i gcomparáid leis an líon daoine a baineadh den chlár in 2023. In ainneoin gur baineadh na daoine sin ó na cláir, tháinig fás 12.6% ar an líon gairmithe cúraim sláinte agus shóisialta cláraithe in 2024, an fás sin ann den chuid is mó mar gheall ar dhaoine nua ag teacht isteach sa lucht saothair. Déanann CORU monatóireacht i gcónaí ar dhaoine a bhaintear de na cláir, ar aois na gcláraithe agus ar tháscairí tábhachtacha eile chun tacú leis an bpleanáil straitéiseach don lucht saothair.

Gairm	Bainte den chlár toisc nár íocadh na Táillí Bliantúla Athnuachana				Daoine a baineadh go deonach			
	2021	2022	2023	2024	2021	2022	2023	2024
Bia-eolaithe	4	9	6	9	11	10	6	1
Eolaithe míochaine	1	18	28	38	3	30	51	40
Teiripeoirí ceirde	23	13	19	30	34	43	46	27
Optaiméadraithe/Radharceolaithe Dáileacháin	6	10	7	8	17	19	26	9
Fisiteiripeoirí	27	49	79	92	42	106	78	45
Coslianna	níl i gceist	0	1	6	0	1	0	3
Radagrafaithe/Teiripeoirí Radaíochta	33	56	50	67	16	61	35	28
Oibrithe Sóisialta	52	61	55	84	60	56	80	59
Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga	6	20	23	23	18	44	28	16
Oibrithe Cúraim Shóisialaigh	N/Bh	N/Bh	0	0	N/Bh	N/Bh	0	0
Iomlán	152	236	268	357	201	370	350	228

Stádas Idirnáisiúnta

Bhí 4,172 cláraí idirnáisiúnta ó 92 tír ar chlár CORU i ndeireadh 2024.

Mar fhreagra ar an méadú ar an líon iarratas a fhaightear ó ghairmithe cúraim sláinte agus shóisialta a bhfuil cáilíochtaí idirnáisiúnta acu, tá bearta suntasacha curtha i bhfeidhm chun an próiseas clárúcháin a fheabhsú. Seo cuid na bearta sin: seoladh córas nua comhtháite clárúcháin, rinneadh an treoir d'iarratasóirí a fheabhsú agus rinneadh na nósanna imeachta a chuíchóiriú i dtaca le haitheantas cáilíochtaí agus iarratais ar chlárúchán.

Ar a bharr sin, tá na ceanglais ó thaobh doiciméad de níos fusa anois d'iarratasóirí áirithe a bhuí le hiarrachtaí caighdeáin ghairmiúla a mheas i ndlínsí éagsúla agus comhréir a bhaint amach eatarthu, go háirithe i gcásanna ina meastar go bhfuil an cáilíochtaí ar chomhchaighdeán le cáilíochtaí Éireannacha. Chomh maith leis sin, tá an t-údarás as cinnteoireacht fágtha faoi chúram an Chláraitheora i gcás cáilíochtaí a chomhlíonann na caighdeáin riachtanacha ó thaobh inniúlachta de, forbairt lena ndéantar agáí feithimh a laghdú níos mó arís. Mar thoradh ar na tionscnaimh seo, laghdaíodh faoina leath na hamlínte ó thaobh cinntí de in 2024 i dtaobh iarratais chomhlánaithe a bhí réidh lena measúnú. Cuireadh an obair i gcrích taobh istigh de 62 lá ar an meán. Tá gealltanais tugtha ag CORU go gcuirfear bearta éifeachtúlachta i bhfeidhm in 2025 chun amlínte próiseála a fheabhsú agus chun tacaíocht a fheabhsú le go mbeidh iarratasóirí a bhfuil cáilíochtaí idirnáisiúnta acu in ann dul isteach ar na cláir lena ngairm a chleachtadh in Éirinn.

Réigiún na gcláraithe de réir gairme, 2024

Gairm/Réigiún Náisiúntachta	Dieit	DOCL	TÁ	BS	TS	Opt	Phy	Pod	Rad	TR	SCW	ID	TUT	Iomlán
An Afraic	2.38%	0.00%	0.63%	9.98%	1.28%	6.20%	1.38%	0.62%	9.16%	4.12%	6.93%	1.93%	0.76%	3.74%
An Áise	1.13%	0.00%	0.00%	1.74%	1.62%	2.10%	3.76%	0.00%	16.38%	2.57%	0.53%	2.23%	0.84%	3.82%
An Astráil/An NS	0.13%	0.00%	0.00%	0.03%	0.34%	0.48%	0.52%	0.41%	0.47%	1.20%	0.09%	0.37%	0.48%	0.38%
AE/CEE/CH	0.94%	1.61%	5.06%	2.01%	1.15%	1.24%	2.44%	1.04%	1.44%	1.20%	3.25%	2.09%	0.64%	1.78%
An Eoraip (eile) seachas an Ríocht Aontaithe agus Éire	0.00%	0.00%	0.00%	0.00%	0.00%	0.19%	0.02%	0.00%	0.08%	0.00%	0.09%	0.00%	0.00%	0.02%
Ireland	91.74%	96.77%	90.51%	84.38%	91.33%	86.46%	87.63%	91.70%	68.40%	84.91%	87.63%	87.44%	92.69%	86.06%
An Meánoirthear	0.31%	0.00%	0.63%	0.15%	0.00%	0.19%	0.06%	0.00%	0.14%	0.00%	0.18%	0.00%	0.00%	0.08%
Meiriceá Thuaidh	1.13%	0.00%	0.00%	0.12%	1.05%	0.57%	1.05%	0.00%	0.22%	0.00%	0.18%	1.05%	1.08%	0.76%
Cónaidhm na Rúise	0.00%	0.00%	0.00%	0.00%	0.03%	0.00%	0.00%	0.00%	0.03%	0.00%	0.00%	0.02%	0.00%	0.01%
Meiriceá Theas agus Láir	0.25%	0.00%	0.00%	0.15%	0.05%	0.10%	0.20%	0.00%	0.00%	0.00%	0.00%	0.05%	0.04%	0.10%
RA	1.94%	1.61%	3.16%	1.43%	3.14%	2.48%	2.94%	6.22%	3.67%	6.00%	1.14%	3.87%	3.48%	3.08%
Líon iomlán	100%	100%	100%	100%	100%	100%	100%	100%	100%	100%	100%	100%	100%	100%

Eochair

Diet: Daitéiteach, **DOCL:** Radharceolaí Dáiliúcháin - Lionsaí Tadhail, **DO:** Radharceolaí Dáiliúcháin, **MS:** Eolaí Míochaine, **OT:** Teiripeoir Saothair, **Opt:** Optaiméadraí **Phy:** Fisiteiripeoir, **Pod:** Cosla, **Rad:** Radagrafaí, **RT:** Teiripeoir Radaíochta, **SCW:** Oibrí Cúraim Shóisialta, **SW:** Oibrí Sóisialta, **SLT:** Teiripeoir Urlabhra agus Teanga


Fuair CORU 2,423 iarratas in 2024 ar aitheantas le haghaidh cáilíochtaí idirnáisiúnta. Bhí sé sin beagán níos airde ná an líon a bhí tuartha – 2,400 iarratas. Is méadú 18% é sin i gcomparáid le 2023 agus méadú 213% ó bhí 2020 ann, méadú leanúnach ar an líon iarratas a fhaightear.

Tháinig laghdú ar an líon iarratas i mí na Nollag. 123 iarratas a bhí ann, an líon míosúil ab ísle sa bhliain. Bhí sé sin ann san am céanna a aistríodh chuig an gCóras nua Bainistíochta Clárúcháin inar gá doiciméid a chur isteach níos luaithe sa phróiseas. Tá an t-aistriú seo deartha le go mbeifear in ann iarratais a phróiseáil ar ráta níos éifeachtúla toisc go mbeifear in ann na cáilíochtaí a aithint agus, san am céanna, an clárúchán a mheas go bhfeicfeadh an bhfuil na riachtanais ar fad á gcomhlíonadh. Rinneadh daoine seachtracha a earcú agus cuireadh oiliúint orthu le bheith ag obair ar fhíorú doiciméad agus ag tacú le hiarratasóirí aon fhaisnéis a bheadh in easnamh a chur ar fáil. Beidh siad go hiomlán i bhfeidhm ina ról tar éis dóibh an oiliúint a chur i gcrích go luath in 2025. Bhí na hiarrachtaí seo dírithe ar chaighdeán a choinneáil i bhfeidhm agus éifeachtúlacht ó thaobh próiseála de a fheabhsú agus, san am céanna, oibrithe seachtracha breise tacaíochta a fháil le go mbeadh níos mó acmhainní ann.

Eisíodh 1,717 cinneadh ar fad in 2024, an líon is airde riamh in aon bhliain amháin. As na cinntí sin, tugadh aitheantas do 71% de na hiarratasóirí ar an gcéad mheasúnú. Tugadh aitheantas do 4% breise tar éis achomharc a dhéanamh nó bearta cúitimh a chur i gcrích go sásúil. Tháinig méadú faoi 32% ar an líon cinntí i gcomparáid le 2023 agus méadú faoi 147% ó bhí 2020 ann.

Tháinig feabhas ar na hamlínte ó thaobh cinntí a dhéanamh de chomh maith. Tháinig laghdú ar an meántréimhse le cinneadh a dhéanamh ar iarratais chomhlánaithe atá réidh lena measúnú, sin laghdú ó 103 lá, an tréimhse ab fhaide, i mí an Mhárta go 44.3 lá i mí Lúnasa, 62.5 lá ar an meán. Bhí na tréimhsí chun cinntí a dhéanamh réasúnta socair faoi dheireadh na bliana, idir 57 lá agus 58 lá ar an meán. Mar thoradh ar an gcóras comhtháite aitheantais agus clárúcháin a thabhairt isteach, meastar go mbainfeadh feabhsú amach ar na rátaí ó thaobh dul chun cinn de ar chlárúchán i gcás gairmithe a bhfuil cáilíochtaí idirnáisiúnta acu.

An líon laethanta ar an meán idir iarratas comhlánaithe agus cinneadh de réir gairme, 2024



* Léiriú atá sa líon laethanta a thóg sé ar an meán idir iarratas comhlánaithe agus cinneadh i gcás eolaithe míochaine ar an gcaoi a raibh cúrsaí nuair nach mbíodh cinntí áirithe á bhfágáil faoi chúram an Chláraitheora. Bhíodh aga breise próiseála ann mar sin. Ina theannta sin, cuid den chúis leis an amlíne ní b'fhaide ná go raibh iarratasóirí ag fanacht le go mbeadh an tástáil don Mheasúnú ar Inniúlacht Ghairmiúil ar fáil chun an próiseas clárúcháin a chur i gcrích. Tá an dá ghné sin socraithe in 2025.

Comhlíonadh

Rialachas Corparáideach

Freagraíonn CORU don phobal, don Aire Sláinte agus don Oireachtas i dtaobh an tsainchúraim rialála a chomhlíonadh. Bímid ag cloí leis an gCreat um Rialachas Corparáideach, leis na Cóid Iompair (don Chomhairle, do Choistí agus d'oibrithe) agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Cloímid leis an Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus leis an Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001. Comhlacht faoi choimirce na Roinne Sláinte is ea CORU. Bhí cruinnithe rialachais ann gach mí le hoifigigh ón Roinn Sláinte in 2024.

An Chairt Custaiméirí

Tá Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí i bhfeidhm ag CORU le treoir agus eolas a thabhairt i dtaobh teagmháil a dhéanamh linn agus ina ndéantar cur síos ar an leibhéal seirbhíse a gheobhaidh daoine i ngach rannóg má dhéanann siad teagmháil linn. Cuirimid fáilte roimh aiseolas ó gach duine a bhíonn ag plé linn.

Fuarthas 43 gearán faoi sheirbhís do chustaiméirí in 2024. Fuaireamar 5 ghearán a ndearna Oifig an Ombudsman iad a fhiosrú. Dúnadh iad toisc nach raibh aon chás le freagairt ina leith.

Cosaint Sonraí

Is rialaitheoir sonraí é CORU i gcomhthéacs na faisnéise pearsanta atá inár seilbh ag baint le cláraithe, fostaithe de chuid na Comhairle agus páirtithe eile. Úsáidimid faisnéis phearsanta le go mbeimid in ann ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail mar an comhlacht rialála do ghairmithe cúraim sláinte agus shóisialta in Éirinn. Coinnítear slán sábháilte an fhaisnéis phearsanta go léir a chuirtear faoi bhráid CORU agus caitear leis an bhfaisnéis sin i gcomhréir leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) agus leis an Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005.

Phróiseáil an tAonad um Chosaint Sonraí 11 iarraidh san iomlán in 2024. Meascán a bhí i gceist: iarrataí ar shonraí faoi Airteagal 15 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), iarrataí ar cheartú faoi Airteagal 16 agus Airteagal 19 den RGCS, agus iarrataí ar léirsciosadh faoi Airteagal 17 agus Airteagal 19 den RGCS.

Saoráil faisnéise

Píosa reachtaíochta Éireannach atá san Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, faoina dtugtar cead don phobal teacht ar fhaisnéis oifigiúil a mhéid is mó is féidir agus, san am céanna, cothromaíocht ann idir leas an phobail agus ceart an duine chun príobháideachais. Phróiseáil Aonad CORU um Shaoráil Faisnéise 27 iarraidh in 2024. 9 n-iarraidh acu sin, iarrataí ar fhaisnéis phearsanta a bhí iontu, meascán d'fhaisnéis phearsanta agus neamhphearsanta iad 4 cinn acu agus iarrataí ar fhaisnéis neamhphearsanta iad 14 cinn acu. Foilsíonn CORU cuntas nochtuithe i dtaobh na n-iarratas neamhphearsanta ar fad ar a láithreán gréasáin.

Nochtuithe Cosanta

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tá de cheangal ar CORU, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú ina dtugtar sonraí ar an líon nochtuithe cosanta a rinneadh an bhliain roimhe agus an gníomh (más ann) a rinneadh mar fhreagra ar na nochtuithe cosanta sin.

Caitheadh le haon atreorú forfheidhmiúcháin amháin a fuair CORU in 2024 mar nochtadh cosanta de réir bhrí an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014. Sa chás seo, rinneadh imscrúdú ar an méid a nochtadh i gcomhréir le Próiseas Forfheidhmithe na Comhairle.

Caitheadh leis an bhfaisnéis ag baint le 13 chás um fheidhmiúlacht chun cleachtadh a fuair CORU in 2024 mar nochtuithe cosanta. I ngach ceann de na cásanna, tugadh faoi phróiseas scagtha de réir na nósanna imeachta atá ag an gCoiste Réamhimeachtaí.

Comhlíonadh Chiorclán 1/2020: Astaíochtaí ón Aertaisteal Oifigiúil a Fhritháireamh

Cloíonn CORU le Ciorclán 1/2020 i gcónaí. Cuirtear gnásanna i bhfeidhm lies na hastaíochtaí ón aerthaisteal oifigiúil a fhritháireamh. In 2024, rinne CORU 1.87 tonna astaíochtaí CO₂ a fhritháireamh san iomlán. Bhí íocaíocht fritháirimh €104.89 ann dá bharr.

Íocaíochtaí Prasa

Tá gealltanais tugtha ag CORU go ndéanfar gach iarracht soláthraithe a íoc go pras. Tuairiscíonn CORU gach ráithe don Láraonad Airgeadais agus Cuntais sa Roinn Sláinte maidir le híocaíochtaí prasa. Tá na tuarascálacha sin ar láithreán gréasáin CORU.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

I gcomhréir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2022, foilsíonn CORU a thuarascálacha bliantúla, a ráitis airgeadais, folúntais poist, fógraí faoi chomhairliúcháin phoiblí agus fógraí faoi thoghcháin i nGaeilge. Déanann CORU teagmháil i nGaeilge le gach duine a iarrann an tseirbhís sin.

Dualgas Earnála Poiblí

Tá Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas) curtha i bhfeidhm ag CORU i gcreat straitéiseach agus oibríochtúil na Comhairle i gcaitheamh 2024. Tá dul chun cinn déanta cheana féin ar ghnéithe lárnacha den Dualgas. Tá forbairt nó athbhreithniú déanta ar chaighdeán inniúlachta, Cóid um Iompar Gairmiúil agus Eitic, Critéir do Chláir Oideachais agus Oiliúna, agus príomhbheartais agus nósanna imeachta oibríochtúla. Bhíothas dírithe go sonrach ar an gcomhionannas a chur chun cinn agus ar chearta an duine a chosaint. Leis na leasuithe seo, féachtar chuige go ndéantar na prionsabail sa Dualgas a neadú sa rialáil ar ghairmithe cúraim sláinte agus shóisialta.

San am céanna, tá dul chun cinn déanta ag CORU ar dhigitiú na gcóra agus próiseas san eagraíocht. Tá tús áite tugtha don áisiúlacht don úsáideoir agus don ionchuimsitheacht. Déantar feidhmiú an Dualgais a rianú bunaithe ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta faoi leith sa phlean bliantúil gnó. Tá gealltanais tugtha ag CORU go ndéanfar athbhreithniú ar thionscadail lárnacha i gcomhthéacs an chomhionannais agus chearta an duine ionas go mbeidh cur chuige cothrom ionchuimsitheach ann i leith na rialála gairmiúla, é sin bunaithe ar chearta.

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Tá an Chomhairle freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar rialachas agus ar straitéis na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, cúraimí a chuimsíonn cúrsaí airgeadais agus riosca, oibrithe, cinntí dlí agus an phleanáil straitéiseach.

32 comhalta deonach agus Cathaoirleach atá ar an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, á gceapadh ag an Aire Sláinte.

Tá ionadaí ar an gComhairle thar ceann gach gairm de na gairmeacha atá luaite san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh. Tá comhaltaí ann ó réimsí eile chomh maith: earnáil an oideachais, grúpaí abhcóideachta ar son othar, an earnáil dheonach agus ionadaithe thar ceann eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach a bhfuil baint acu leis an gcúram sláinte agus sóisialta.

Is 'tromlach tuataí' atá ar an gComhairle (is é sin níos mó comhaltaí ar tuataí iad ná mar atá gairmithe cúraim sláinte agus shóisialta). Meastar go hidirnáisiúnta gur seo ceann de na modhanna is éifeachtaí lena chinntiú go ndéanfar an pobal a chosaint.

Chomh maith leis an rialachas corparáideach, is iad seo a leanas na príomhfheidhmeanna atá ag an gComhairle:

- Maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar obair na mBord Clárúcháin
- Caighdeán an chleachtais a fhorfheidhmiú i gcás cláraithe, a chuimsíonn cóid um iompar gairmiúil agus eitic, agus nósanna imeachta um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh a bhainistiú
- Cinntí a dhéanamh agus treoracha a thabhairt maidir le smachtbhannaí araíonachta a ghearradh ar chláraithe

An Lón cruinnithe ag an gComhairle in 2024: 8 gCruinniú Rialachais agus 9 gcruinniú i dtaca le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh.

Tá seacht gcoiste ann ar an gComhairle (a bunaíodh faoi alt 23 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005) a chuireann saineolas agus comhairle ar fáil don Chomhairle agus don Fheidhmeannas sna réimsí seo a leanas:

- Iniúchóireacht, Riosca agus Rialachas
- Airgeadas, Feidhmíocht agus Acmhainní
- Clárú agus Aitheantas
- Corpoideachas
- Ainmniúcháin
- Cleachtas Gairmiúil
- Achomhairc

Coistí a bunaíodh faoi Chuid 6 den Acht chun déileáil le Gearáin, Fiosrúcháin agus Araíonacht:

- An Coiste Réamhimeachtaí
- Coistí Fiosrúcháin – an Coiste Sláinte agus an Coiste Iompair

Iniúcháireacht, Riosca agus Rialachas

An ról atá ag an gCoiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais (an Coiste Iniúcháireachta) ná struchtúr neamhspleách measúnaithe a chur ar fáil in CORU chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a thomhas agus a mheas faoi mar a bhaineann le nósanna imeachta um rioscaí, rialachas agus an rialú inmheánach agus le creat tuairiscithe airgeadais na heagraíochta.

An Coiste Airgeadais, Feidhmíochta agus Acmhainní

Is é is ról don Choiste Airgeadais, Feidhmíochta agus Acmhainní struchtúr neamhspleách breithmheasa a chur ar fáil in CORU chun feidhmíocht airgeadais san eagraíocht chomh maith le leithdháileadh acmhainní agus buiséad a thomhas agus a mheasúnú.

An Coiste Clárúcháin agus Aitheantais

Is é an ról atá ag an gCoiste Clárúcháin agus Aitheantais comhairle a chur ar an gComhairle maidir le beartais agus nósanna imeachta i dtaca le le clárúchán agus cáilíochtaí idirnáisiúnta.

An Coiste Oideachais

Is é ról an Choiste Oideachais comhairle a chur ar an gComhairle maidir le beartais agus nósanna imeachta i dtaca le hoideachas, oiliúint agus forbairt ghairmiúil leanúnach.

An Coiste Ainmniúchán

Is é ról an Choiste Ainmniúchán an próiseas a stiúradh i dtaobh daoine a cheapadh chun an Choiste agus moltaí ina leith a chur faoi bhráid na Comhairle.

An Coiste Comhairleach um Chleachtadh Gairmiúil

Is é an ról atá ag an gCoiste Comhairleach um Chleachtas Gairmiúil cuidiú agus comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le próisis agus nósanna imeachta a bhaineann leis an bhfeidhm dlí agus feidhmiúlachta chun cleachtadh.

An Coiste Achomharc

An ról atá ag an gCoiste Achomhairc athbhreithniú a dhéanamh ar achomhairc iarratasóirí in aghaidh cinntí clárúcháin. Tá sé de cheart ag iarratasóirí achomharc a dhéanamh in aghaidh chinntí na mBord Clárúcháin maidir le cúrsaí aitheantais nó clárúcháin.

An Coiste Réamhimeachtaí

Cuireadh an Coiste Réamhimeachtaí ar bun faoi Chuid 6 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú). Déanann an Coiste gearáin maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh i dtaca le gairmithe cláraithe cúraim sláinte agus shóisialta CORU a mheas.

Coiste Fiosrúcháin (an Coiste um Iompar Gairmiúil agus an Coiste Sláinte)

Má dhéantar cinneadh go dteastaíonn gníomhú breise mar fhreagra ar ghearán ag baint le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh cláraí, féadtar an gearán a chur faoi bhráid Coiste Iompair Ghairmiúil nó Coiste Sláinte ansin, ina gcáil mar Choistí Fiosrúcháin.

Tuarascálacha Bliantúla na mBord Clárúcháin

Tá a bord clárúcháin féin ag gach gairm atá á rialú ag CORU. Tá an bord sin freagrach as an bpobal a chosaint agus maoirseacht a dhéanamh ar chaighdeáin, oideachas agus iompar eiticiúil na gcláraithe.

Tá na boird seo ríthábhachtach mar chuid d'fheidhm CORU mar an rialálaí do ghairmithe cúraim sláinte agus shóisialta in Éirinn. Iadsan a chinntíonn nach féidir ach leo siúd a shásaíonn leibhéal arda inniúlachta agus ghairmiúlachta clárú ar chlár boird agus an ghairm sin a chleachtadh.

Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) lena gceadaítear trí chomhalta dheonacha dhéag a cheapadh chuig gach Bord Clárúcháin. Is comhaltaí tuata iad seachtar acu. Is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht orthu seo a leanas:

- Lucht bainistíochta ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Cleachtadh na gairme.

Tá na Boird freagrach as réimse leathan feidhmeanna rialála, cuir i gcás cláir ghairmiúla a choinneáil in ord, cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint, cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus a mhonatóiriú, agus na caighdeáin a leagan síos maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL). Is iad na Boird a leagann síos Cóid um Iompar Gairmiúil agus Eitic Ghairmiúil. Is ag na Boird atá an t-údarás fodhlíthe a dhéanamh faoina rialaítear gnéithe éagsúla den chlárúchán agus de chaighdeáin ghairmiúla.

In 2024, tá cláir oscailte ag 10 gcinn de Bhoird Clárúcháin CORU. Tá clár amháin ann, an clár d'oibrithe cúraim shóisialta, atá ag dul trí chéim idirthréimhseach chun cleachtóirí reatha a rialáil sula mbíonn an teideal gairmiúil faoi chosaint de réir dlí ón 1 Nollaig 2025. Tá dhá Bhord Clárúcháin i mbun oibre chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le cláir a oscailt d'fhonn trí ghairm a rialáil – comhairleoirí, sícitéiripeoirí agus síceolaithe.

Sa chuid seo a leanas den tuarascáil, leagtar amach na príomhghníomhaíochtaí, garspriocanna agus éachtaí atá bainte amach le bliain anuas ag na Boird Chlárúcháin atá bunaithe.



1

Tuarascáil Bhord Clárúcháin na mBia-Eolaithe

An líon daoine ar an gClár

1,599

↑
+10.1%
de mhéadú
ó bhí 2023 ann

155

Cláraí nua

100

atá aitheanta

27

Beart Cúitimh

1

a d'fhág an
Clár ar bhonn
deonach

9

An líon a baineadh den
Chlár toisc nár
íocadh táillí
athnuachana

1

Chlár
Oideachais á
mhonatóiriú



Ceapacháin chun an Bhoird/Toghcháin:

Coinní

- Ann Sheehan an 14 Feabhra 2024 (leas an phobail)
- Sorcha McNamara an 24 Meán Fómhair 2024 (duine a bhíonn ag gabháil don chleachtadh)
- Sandra Brady an 10 Aibreán 2024 (ag gabháil don bhainistíocht)

Athcheapacháin

- Anne Marie Bennett an 26 Meitheamh 2024 (duine a bhíonn ag gabháil don oideachas)
- Eamonn Dunne an 14 Feabhra 2024 (earnáil phoiblí/bainistíocht cúraim shóisialta)
- Susan Temple an 14 Feabhra 2024 (leas an phobail)

Cathaoirleach Tofa

- Toghadh Fiona Dunlevy ina Cathaoirleach ar an mBord Clárúcháin an 23 Bealtaine 2024. D'éirigh Geraldine Murray, iar-Chathaoirleach an Bhoird, as an ról an 5 Márta 2024.

Téarmaí thart

- Christopher O'Hara an 13 Feabhra 2024 (leas an phobail)
- Claire Browne an 13 Feabhra 2024 (ag gabháil don bhainistíocht)

Tá an Bord buíoch den Chathaoirleach roimhe seo agus do na comhaltaí siúd ar tháinig deireadh lena dtéarmaí in oifig in 2024.

Faoi dheireadh 2024, bhí aon fholúntas amháin ar an mBord do chomhalta tuata a dhéanfadh ionadaíocht ar an earnáil dheonach/phríobháideach sa bhainistíocht ar chúram sláinte/sóisialta.

Clárúchán Diatéiteach:

Bhí 1,599 Diatéiteach cláraithe le Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe an 31 Nollaig 2024. I gcaitheamh na bliana, thug an Bord arís faoin obair chun iarratais nua a mheas, lena chinntiú go ndéanfadh gach iarratasóir na caighdeáin riachtanacha a shásamh, cáilíocht cheadaithe san áireamh, go mbeadh cáilíocht idirnáisiúnta acu agus an cháilíocht sin á measúnú ar chaighdeán sásúil chun an ghairm a chleachtadh in Éirinn, go léireofaí leibhéal sásúil inniúlachta teanga agus go measfaí iad a bheith oiriúnach leis an ngairm a chleachtadh.

Ní fhéadann an córas um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnach, nach dearbhú iomlán é, a thabhairt go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad i dtréimhse thráthúil.

An Cumas chun Déileáil le Riosca

Bunaíodh an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais in 2009. Tháinig an coiste seo le chéile cúig huaire le linn 2024.

Tá sásraí i bhfeidhm le hacmhainneacht slándála na gcóras Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a chinntiú, lena n-áirítear cur i bhfeidhm beartais agus nósanna imeachta rialaithe iomchuí.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an gComhairle a thuairiscíonn do Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais na Comhairle. Bíonn an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí ag cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Cuirtear bonn eolais faoin monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanann an Chomhairle ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais tríd an obair a dhéanann an t-iniúcháir inmheánach, ar ról é a chuirtear amach ar conradh, agus an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais.

Creatlach Riosca agus Rialaithe

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat um fhaisnéis rialta a bheith ar fáil don lucht bainistíochta, córas tarmligthe agus cuntasachta, nósanna imeachta i dtaobh cúrsaí airgeadais, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas, agus dianseiceálacha leanúnacha á gcur i bhfeidhm ag an bhfoireann airgeadais. Len a n-áirítear go háirithe:

- > Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil agus a ndéanann comhaltaí na Comhairle athbhreithniú air agus a cheadú dá réir.
- > Teorainneacha údaraithe a leagan amach maidir le cistí na Comhairle a eisíoc.
- > Athbhreithniú rialta ag comhaltaí na Comhairle ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla (cuntais bhainistíochta ina measc) a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais in aghaidh buiséad.

Tá foireann feidhmiúcháin na Comhairle freagrach as an gcreat rialuithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil. Ag teacht le beartas sceithireachta na Comhairle, dhearbhaigh an t-oifigeach sceithireachta nach ndearnadh nochtadh sceithireachta ar bith sa bhliain airgeadais 2024. Deimhnímid freisin nár aithníodh aon neamhrialtachtaí airgeadais le linn an athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Is mír bhuan é riosca ar chlár oibre na Comhairle agus déanann an Bhainistíocht Shinsearach agus an Chomhairle athbhreithniú míosúil ar chlár riosca agus déanann an Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais athbhreithniú orthu ar bhonn ráithiúil.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach ar lean

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá bearta déanta ag an gComhairle chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú mar seo a leanas:

- > Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir.
- > Prionsabail an rialachais chorpáraidigh atá in *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (leagan athbhreithnithe 2016)* a ghlacadh, lena n-áirítear:
 - Deimhniú go bhfuil na treoirlínte soláthair á gcomhlíonadh mar atá leagtha amach sa Chód.
 - Deimhniú go bhfuil an Cód á chomhlíonadh i dtaobh diúscairt sócmhainní agus an rochtain atá ag tríú páirtithe ar shócmhainní.
 - Deimhniú go bhfuil beartas an Rialtais á chur chun feidhme maidir le luach saothair an POF.
 - Athbhreithniú a dhéanamh agus beartais agus nósanna imeachta a chríochnú le héifeachtacht na gcóras Rialaithe Inmheánaigh a chinntiú.
 - Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun a sócmhainní a chosaint.

Cúrsaí Soláthair

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte soláthair reatha arna mbunú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais a chinntiú agus le linn 2024, chloígh an Chomhairle leis na nósanna imeachta sin.



Mo Flynn
Cathaoirleach

Dáta: 04 Nollaig 2025

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Rinne an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais (ARGC) agus an Chomhairle athbhreithniú ar an Ráiteas maidir leis an gCóras Rialuithe Inmheánacha lena chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe atá i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Bhí iniúchtaí, mar chuid de phlean Iniúcháireachta Inmheánaí 2024, a rinne Iniúcháir Inmheánach, bonn eolais faoi obair an ARGC. Rinneadh athbhreithniú ar rialuithe airgeadais ar Nósanna Imeachta Ceannach go hlocaíocht agus Tairisceana don tréimhse Márta go Iúil 2024 agus cuireadh tuarascáil iniúcháireachta an 17 Meán Fómhair 2024 faoi bhráid ARGC ar an 25 Meán Fómhair 2024. Rinne an tIniúcháir Inmheánach Athbhreithniú Párolla don tréimhse Eanáir go Deireadh Fómhair 2024 agus cuireadh tuarascáil iniúcháireachta an 26 Feabhra 2025 faoi bhráid ARGC ar an 5 Márta 2025.

Rinne an Chomhairle athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2024 i gcaitheamh na bliana agus chuir obair an ARGC agus an Iniúchta Inmheánaigh bonn eolais faoin obair sin. Tá an Chomhairle réasúnta cinnte go bhfuil na córais rialaithe inmheánaigh a thionscnaíodh agus a cuireadh i bhfeidhm sa Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024 éifeachtach.

Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an timpeallacht rialaithe airgeadais tríd an Iniúchadh Inmheánach, tugadh faoi deara roinnt laigí rialaithe i mbeartais agus nósanna imeachta airgeadais, i soláthar soláthairtí agus seirbhísí agus i gcaiteachas. Tá céimeanna glactha ag Comhairle na nGairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, agus leanfar ar aghaidh leo sin, chun rialuithe sna réimsí sin a fheabhsú agus leanfaidh sí de bheith ag déanamh monatóireachta ar éifeachtacht na rialuithe uile.



Claire O'Cleary
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 04 Nollaig 2025

Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Health and Social Care Professionals Council

Qualified opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Health and Social Care Professionals Council for the year ended 31 December 2024 as required under the provisions of section 21 of the Health and Social Care Professionals Act 2005. The financial statements have been prepared in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland* and comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, except for the non-compliance with the requirements of FRS 102 in relation to retirement benefit entitlements referred to below, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Health and Social Care Professionals Council at 31 December 2024 and of its income and expenditure for 2024 in accordance with FRS 102.

Basis for qualified opinion on financial statements

In compliance with the directions of the Minister for Health, the Health and Social Care Professionals Council accounts for the costs of retirement benefit entitlements only as they become payable. This does not comply with FRS 102 which requires that the financial statements recognise the full cost of retirement benefit entitlements earned in the period and the accrued liability at the reporting date. The effect of the non-compliance on the Health and Social Care Professionals Council's financial statements for 2024 has not been quantified.

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Health and Social Care Professionals Council and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Council has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the governance statement and Council members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General

8 December 2025

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais *ar lean*

Appendix to the report

Responsibilities of Council members

As detailed in the governance statement and Council members' report, the Council members are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 21 of the Health and Social Care Professionals Act 2005
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 21 of the Health and Social Care Professionals Act 2005 to audit the financial statements of the Health and Social Care Professionals Council and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.

- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Health and Social Care Professionals Council's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Health and Social Care Professionals Council to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 €	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 €
Ioncam			
Deontas ón Stáitchiste	2	6,575,396	5,828,156
Ioncam ó Tháillí	3	4,136,273	3,590,477
Asbhaintí i dtaobh Aoisliúntas Fostaíochta		25,570	23,230
		10,737,239	9,441,863
Caiteachas			
Tuarastail	8	5,229,782	4,521,390
Taisteal agus Costais Foirne	5	49,517	50,089
Costais maidir le Bunú agus Cóiríocht	4	964,876	1,024,191
Riarachán Oifige	6	2,128,711	1,652,901
Clárú agus Aitheantas Cáilíochtaí Idirnáisiúnta Cáilíochtaí	7	1,033,200	387,019
Táillí Dlí agus Táillí Gairmiúla	9	2,254,957	2,503,110
Oideachas/Forbairt Ghairmiúil Leanúnach		136,981	213,929
Táillí Iniúchóireachta		12,700	12,650
Dímheas	10,11	136,512	127,714
		11,947,235	10,492,993
(Easnamh)/Barrachas don bhliain roimh leithreasáí		(1,209,996)	(1,051,130)
Aistriú (chuig an) / ón gCuntas Caipitil	14	25,843	35,525
(Easnamh)/Barrachas don bhliain tar éis leithreasáí		(1,184,153)	(1,015,605)
Iarmhéid ag tús na bliana		(1,371,556)	(355,951)
Iarmhéid ag deireadh na bliana		(2,555,707)	(1,371,556)

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nóta 1 go 19.



Mo Flynn
Cathaoirleach

Dáta: 04 Nollaig 2025



Claire O'Cleary
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 04 Nollaig 2025

Ráiteas ar an Staid Airgeadais

amhail ar 31 Nollaig 2024

	Nótaí	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 €	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Doláimhsithe	10	-	-
Maoín, Gléasra agus Trealamh	11	885,196	911,039
		885,196	911,039
Sócmhainní Reatha			
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		32,058	454,409
Infháltais agus réamhíocaíochtaí	12	65,139	349,924
		97,197	804,333
Dlíteanais Reatha (suimeanna dlíte laistigh de bhliain amháin)			
Méideanna Iníoctha	13	2,652,904	2,175,888
		2,652,904	2,175,888
Glansócmhainní Reatha		(2,555,707)	(1,371,555)
Glansócmhainní/(Glandlíteanais)		(1,670,511)	(460,516)
Arna léiriú ag			
Cuntas Caipitil	14	885,196	911,040
Cúlchistí Ioncaim Choinnithe		(2,555,707)	(1,371,556)
		(1,670,511)	(460,516)

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nóta 1 go 20.



Mo Flynn
Cathaoirleach

Dáta: 04 Nollaig 2025



Claire O'Cleary
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 04 Nollaig 2025

Ráiteas ar Shreafaí Airgid

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	Don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 €	Don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 €
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
(Easnamh) / Barrachas don bhliain		(1,184,153)	(1,015,603)
Muirear amúchta	10	-	-
Muirear dímhéasa	11	136,512	127,714
Laghdú / (Méadú) ar infháltais		284,785	41,352
Méadú ar shuimeanna iníoctha		477,017	411,466
Caillteanas ar dhiúscairt		-	-
Gluaiseacht sa chuntas caipitil		(25,843)	(35,525)
Glanairgead (Amach) / Isteach mar thoradh ar Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(311,681)	(470,596)
Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Caiteachas Caipitiúil		(110,670)	(92,189)
Diúscairt Sócmhainní	11	-	-
(Laghdú) / Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		(422,351)	(562,785)
Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana		454,409	1,017,194
Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana		32,058	454,409

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad Nóta 1 go dtí Nóta 20.



Mo Flynn
Cathaoirleach

Dáta: 04 Nollaig 2025



Claire O'Cleary
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 04 Nollaig 2025

Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. Beartais chuntasaíochta

a) Ginearálta

Bunaíodh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) ("an tAcht") chun gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh ainmnithe a rialáil.

b) Comhlíonadh FRS 102

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus le FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe. Ar ordú ón Aire Sláinte, níltear ag cloí le forálacha FRS 102 i ndáil le sochair scoir. Comhlíonann na ráitis airgeadais FRS 102 ar gach slí eile.

c) Bonn a nUllmhaithe

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus cloíonn siad leis na caighdeáin tuairiscithe airgeadais den Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais, ach amháin i gcás ina léirítear a mhalairt anseo thíos.

Tá na ráitis airgeadais i bhfoirm atá formheasta ag an Aire Sláinte. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais in euro, arb é airgeadra feidhmeach na Comhairle é.

d) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Chun na ráitis airgeadais seo a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh agus boinn tuisceana a ghlacadh a théann i gcion ar chur i bhfeidhm beartas agus ar na méideanna arna dtuairisciú i ndáil le sócmhainní agus dliteanais agus i ndáil le hioncam agus speansais.

Déantar meastóireacht leanúnach ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin agus bunaítear iad ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear teagmhais a meastar go réasúnach a d'fhéadfadh tarlú amach anseo. Déanann an Chomhairle meastacháin agus glacann sí boinn tuisceana maidir leis an am atá le teacht. Is dual do na meastacháin chuntasaíochta gur annamh a bheidh siad ag teacht go beacht leis na torthaí iarbhair a bhaineann leo. Pléitear thíos na meastacháin agus na boinn tuisceana a bhfuil baol suntasach ann go bhféadfaidís a bheith ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile:

(i) Gnóthas leanúnach

Níl aon neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le cumas na Comhairle a cuid dliteanas a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite, ná maidir le leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Leanfaidh CORU de mhaoiniú Státhchiste a éileamh agus a fháil go dtí go mbeidh sí féinmhaoinithe trí tháillí clárúcháin agus táillí eile. Leanfaidh an Roinn Sláinte ag obair go dlúth le CORU maidir lena riachtanais mhaoinithe. Dá réir sin, measann an Chomhairle gur cuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Ar an mbonn sin, ní áirítear sna ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna glanluacha i dtaobh sócmhainní agus dliteanais ná ar an aicmiú orthu a d'fhéadfadh a bheith i gceist dá mba rud é nach mbeadh an Chomhairle in ann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Tá tuilleadh eolais faoi ghnóthas leanúnach i Nóta 20.

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais) ar lean

(ii) Fad saoil a bhunú chun críocha an dímheasa ar mhaoín, gléasra agus trealamh

Is cuid shuntasach de na sócmhainní go léir iad sócmhainní a mhaireann ar feadh i bhfad, lena gcuimsítear go príomha maoín, gléasra agus trealamh. Braitheann an muirear dímheasa bliantúil go príomha ar shaol measta gach cineál sócmhainne agus ar na meastacháin ar luachanna iarmharacha. Déanann an Chomhairle athbhreithnithe rialta ar shaol na sócmhainní sin agus athraítear a fad saoil de réir mar is gá ag teacht leis an bhfad saoil a mheastar faoi láthair atá fágtha acu i bhfianaise na húsáide eacnamaíche a mheastar a bhainfear astu agus riocht fisiceach na sócmhainní lena mbaineann. Is féidir tionchar nach beag a bheith ag athruithe i saol sócmhainne ar mhuirir dhímheasa i leith na tréimhse. Tá mionsonraí ar shaol úsáideach san áireamh sna beartais chuntasaíochta.

e) Deontas ón Státchiste

Tugtar cuntas ar Dheontais Státchiste chun caiteachas ábhartha a íoc ar bhonn fáltais airgid. Tugtar cuntas ar Dheontais Chaipitil Státchiste ar bhonn fabhráithe.

f) Ioncam ó Tháillí

Aithnítear táillí athnuachana sa tréimhse lena mbaineann an athnuachan. Aithnítear ioncam a fhaightear sa bhliain i leith táillí na bliana dár gcionn mar ioncam don bhliain dár gcionn. Taispeántar é mar ioncam iarchurtha ar an ráiteas ar staid airgeadais agus cuirfear in áirithe é mar ioncam sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugtar cuntas ar gach ioncam eile ar bhonn fáltais airgid.

g) Sócmhainní Seasta agus Dímheas

- (i) Luaitear na sócmhainní seasta ar a gcostas lúide dímheas carntha.
- (ii) Déantar na sócmhainní seasta a dhímheas ar a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha. Cuirtear an dímheas de mhuipear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn líne díreach, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, arna gcoigeartú don luach iarmharach, thar a saol úsáideach tuartha mar seo a leanas:

Troscán agus Feistis	20.00%
Trealamh TF/Oifige	33.33%
Feabhsuithe ar Léasacht	5.00%

Déantar measúnú bliantúil ar luach iarmharach agus saol úsáideach sócmhainní seasta le haghaidh táscairí go bhféadfadh athrú a bheith tagtha orthu. I gcás ina bhfuil táscairí air sin ann, déanfar athbhreithniú ar an luach iarmharach, ar an modh dímheasa agus ar an saol úsáideach, agus déanfar iad siúd a leasú más gá. Déantar athruithe ar rátaí dímheasa a eascraíonn as an athbhreithniú sin a bhreacadh sna cuntais ar bhonn ionchasach thar an méid atá fágtha de shaol úsáideach na sócmhainní.

Is éard is Feabhsúcháin Léasachta ann ná feabhsuithe nó athruithe ar mhaoín atá ar léas a rachaidh chun tairbhe CORU ar feadh tréimhse níos faide ná bliain amháin. Thabhaigh CORU costais feistithe maidir lena hoifig ag Foirgneamh Infinity, Lána Sheoirse, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Díscríobhtar costas na n-oibreacha seo thar shaolré an léasa.

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais) ar lean

h) Sócmhainní Inláimhsithe – Forbairt Bogearraí

Is mar mhíreanna caipitiúla a dhéileáiltear le costais maidir le forbairt bogearraí le haghaidh córais mhóra agus déantar iad a dhíscríobh thar a saol úsáideach measta ón dáta a gcuirtear chun feidhme iad. Déantar caiteachas ar bhogearraí atá á óstáil ar an gceadúnú néil a áireamh sa ráiteas ioncaim agus caiteachais.

i) Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil luach neamh-amúchta an ioncaim a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

j) Sochair d'Fhostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Iníoctha sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

In 2017, cheadaigh an Roinn Sláinte scéim aoisliúntais maidir le socruithe pinsin sa Chomhairle de réir alt 13 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005. Roimhe sin, d'oibrigh an Chomhairle an Scéim Aoisliúntais Eiseamláireach ar bhonn riaracháin.

Ritheadh ina dhlí an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 ar an 28 Iúil 2012 agus tugadh isteach faoi Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") ar cuireadh tús feidhme léi le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Ball den Scéim Aonair is ea gach fostaí nua de chuid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ar iontrálaithe nua iad chuig an Earnáil Phoiblí, ar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.

De réir threoir an Aire Sláinte, tugtar cuntas ar phinsin ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear'. Ní chuirtear forálacha FRS 102 'Alt 28: Sochair Fostaithe' i bhfeidhm agus níor aithníodh sna ráitis airgeadais an dliteanas i leith sochair phinsin amach anseo a fabhraíodh sa bhliain.

k) Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

Cuimsítear leis an airgead tirim airgead tirim ar láimh agus sa bhanc.

l) Airgeadraí Eachtracha

Déantar idirbhearta in airgeadraí iasachta a aistriú ina euro agus a thaifeadadh ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar laethanta na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta in airgeadraí iasachta a aistriú ina euro ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an chlár chomhardaithe nó ar rátaí conartha réamhcheannacháin sa chás inarb ann do na conarthaí sin.

m) Forálacha

Aithnítear soláthair nuair a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó oibleagáid inchiallaithe láithreach ar an gComhairle mar thoradh ar theagmhais roimhe seo; nuair is dócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir méid na hoibleagáide a mheas go hiontaofa.

Nótaí (*atá mar chuid de na ráitis airgeadais*) *ar lean***2. Deontas ón Státchiste**

	2024 €	2023 €
Vóta 38 Fotheideal E1 de chuid na Roinne Sláinte	6,200,000	5,500,000
Vóta 38 Fotheideal M1 de chuid na Roinne Sláinte (caipiteal)	375,395	328,156
	6,575,395	5,828,156

3. Ioncam ó Tháillí*

	2024 €	2023 €
Táillí na nOibrithe Sóisialacha	704,867	649,749
Táillí na bhFisiteiripeoirí	950,420	826,305
Táillí na Radagrafaithe	646,259	546,625
Táillí na dTeiripeoirí Ceirde	433,583	428,400
Táillí na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga	274,338	268,598
Táillí na nEolaithe Míochaine	404,773	415,155
Táillí na mBia-Eolaithe	230,233	208,970
Táillí na nOptaiméadraithe agus na Radharcmeastóirí Urghnamha	181,094	172,330
Measúnú ar Tháillí um Inniúlacht Ghairmiúil	42,716	18,200
Táillí Coslianna	38,120	47,845
Táillí Oibrithe Cúraim Shóisialaigh	229,870	8,300
	4,136,273	3,590,477

Tá na cláir seo a leanas ag feidhmiú go hiomlán:

- Oibrithe Sóisialta,
- Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga,
- Radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta,
- Bia-eolaithe,
- Teiripeoirí Ceirde,
- Optaiméadraithe agus Radharceolaithe Dáileacháin,
- Fisiteiripeoirí,
- Eolaithe Míochaine,
- Coslianna,
- Oibrithe Cúraim Shóisialaigh

Osclaíodh Clár na gCoslianna ar an 31 Márta 2021. Ba é 31 Márta 2021 go dtí 31 Márta 2023 an idirthréimhse chlárúcháin do chleachtóirí reatha do Choslianna.

Osclaíodh clár na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh ar an 30 Samhain 2023. Is í an tréimhse idir an 30 Samhain 2023 agus an 30 Samhain 2025 an idirthréimhse chlárúcháin d'Oibrithe Cúraim Shóisialaigh.

*Áirítear le hioncam ó tháillí clárú, athnuachan agus aitheantas táillí a bhaineann le cáilíochtaí idirnáisiúnta. Rinneadh athruithe áirithe ar an gcaoi a gcuirtear i láthair míreanna sna ráitis airgeadais agus rinneadh na figiúirí comparáideacha a athaicmiú nuair ba ghá ar bhonn atá ar aon dul le cur i láthair na bliana seo.

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais) ar lean**4. Costais maidir le Bunú agus Cóiríocht**

	2024 €	2023 €
Cóiríocht	857,759	927,013
Deisiúcháin agus Cothabháil	17,438	19,930
Solas agus Teas	55,600	45,965
Glantóireacht	22,310	17,513
Cúrsaí Slándála	11,769	13,770
	964,876	1,024,191

5. Taisteal agus Costais Foirne

	2024 €	2023 €
Domestic Travel	26,263	14,684
Taisteal Idirnáisiúnta	12,191	24,952
Costais Foirne (lena n-áirítear Obair ón mBaile)	11,063	10,453
	49,517	50,089

6. Riarachán Oifige

	2024 €	2023 €
Tacaíocht TF agus Óstáil	271,433	509,182
Forbairt TF agus Pleanáil Straitéiseach	283,125	167,807
Oiliúint Foirne agus Comhdhálacha	137,532	141,041
Ceadúnais TF agus Cothabháil	638,266	426,218
Stáiseanóireacht agus Speansais Oifige	74,794	62,043
Costais na Comhairle agus na mBord Clárúcháin	85,352	89,329
Ar an teileafón	60,186	35,574
Muirir Earcaíochta agus Baill Foirne Ghníomhaireachta	384,509	74,426
Cothabháil Oifige agus Conarthaí Seirbhíse	25,982	23,804
Táillí Baine	37,917	30,354
Clóbhuaileadh agus Foilseacháin	58,336	26,227
Árachas	59,486	44,603
Stipinn an Chathaoirligh	11,143	8,978
Síntiúis	-	8,977
Oiliúint ar Chomhaltaí	650	4,338
	2,128,711	1,652,901

Nótaí (*atá mar chuid de na ráitis airgeadais*) *ar lean***6 (a) Miondealú ar Chaiteachais na Comhairle agus na mBord Clárúcháin**

	2024 €	2023 €
Cruinnithe na mBord Clárúcháin – Taisteal	23,857	25,792
Cruinnithe na Comhairle – Taisteal	14,312	21,774
Fochoiste – Taisteal	16,303	10,173
Cruinnithe na Comhairle – Costais na gCruinnithe	7,119	20,347
Fochoiste – Costais na gCruinnithe	23,311	11,243
Cruinnithe na mBord Clárúcháin – Costais na gCruinnithe	450	-
	85,352	89,329

7. Clárú agus Aitheantas Cáilíochtaí Idirnáisiúnta

	2024 €	2023 €
Measúnú ar Iarratais agus Próiseáil Iarratas	846,786	294,433
Comhairliúchán Poiblí agus Fógraíocht	6,694	-
Aitheantas Cáilíochtaí Idirnáisiúnta	58,765	59,807
Mapáil Próisís agus Feabhsú Cáilíochta	120,955	32,779
	1,033,200	387,019

8. Tuarastail**(a) Sochair Chomhiomlána Fostaithe**

	2024 €	2023 €
Sochair ghearrthéarmacha na mball foirne	4,515,862	3,696,234
ÁSPC an Fhostóra	483,494	397,980
Costas sochair scoir	186,640	268,213
Tacaíocht Amuigh ar Conradh	43,786	158,963
	5,229,782	4,521,390

Bhí coibhéis lánaimseartha 101 duine fostaithe ag an gComhairle ag deireadh na bliana i dteannta leis an POF (2023: 96).

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais) ar lean**(b) Sochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe**

	2024 €	2023 €
Bunphá	4,494,137	3,695,285
ÁSPC an Fhostóra	483,494	397,980
Ragobair	10,740	949
Liúntais	10,985	-
Iomlán	4,999,356	4,094,214

Tá €43,912 (2023: €43,706) de Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise (ASC) asbhainte ó thuarastail agus íocadh leis an Roinn Sláinte é. Íocadh €186,645 (2023: €157,350) le DPENDPR maidir le ranníocaíochtaí fostaithe faoin Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair.

(c) Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe níos mó ná €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Raon			Líon fostaithe	
Ó	agus		2024	2023
€ 60,000	-	€69,999	5	9
€70,000	-	€79,999	8	2
€80,000	-	€89,999	1	5
€ 90,000	-	€99,999	-	1
€100,000	-	€109,999	2	-
€110,000	-	€119,999	-	-

Tabhair faoi deara: chun críocha an nochtá seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre, liúntais agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach níl ÁSPC fostóra san áireamh.

(d) Príomhphearsanra Bainistíochta

I measc na bpríomhphearsanra bainistíochta sa Chomhairle tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Cathaoirleach, Ceann na Seirbhísí Corparáideacha, Ceann an Oideachais um Dhearbhu Cáilíochta, Ceann Clárúcháin, Leas-Chláraitheoir / Ceann Aitheantais, Ceann Gnóthaí Dí & Feidhmiúlacht chun Cleachtadh, Ceann Straitéise agus Beartais agus Ceann na Rialála Inbhuanaithe.

	2024 €	2023 €
Bunphá	628,279	596,323
Líon iomlán	628,279	596,323

Ní théann teidlíochtaí pinsin príomhphearsanra bainistíochta thar scéim aoisliúntais eiseamláireach na hearnála poiblí.

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais) ar lean

(e) Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair an POF don tréimhse airgeadais:

	2024 €	2023 €
Bunphá an POF atá ag éirí as – go dtí 30/05/23	-	50,200
Bunphá POF Eatramhaigh – ó 22/05/2023 go 08/04/2024	26,547	69,275
POF ag éirí as ón 22/05/2023 go dtí an 06/09/2024	58,676	-
POF nua – ó 09/09/2024	41,141	-
Líon iomlán	126,364	119,475

Ní chuimsítear le teidlíocht phinsin an POF Atá ag Éirí As ach na gnáth-theidlíochtaí atá leagtha amach i scéim aoisliúntais eiseamláireach na hearnála poiblí le sochar sainithe. Ní áirítear luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse lena bhfuil thuas. Athcheapadh an POF ar feadh téarma cúig bliana i mí na Nollag 2024 i ndiaidh próiseas earcaíochta.

(f) Táillí an Chathaoirligh agus chomhaltaí na Comhairle

	Tréimhse	2024 Stipinn €	2024 Costais €	2023 Stipinn €	2023 Costais €
Mo Flynn	(01/01/2024 – 31/12/2024)	11,143	297	8,978	-
		11,143	297	8,978	-

Ní dhéantar íocaíocht le haon chomhalta eile den Chomhairle, de na Coistí ná de na Boird Chlárúcháin i leith a gcomhaltais.

9. Táillí Dlí agus Táillí Gairmiúla

	2024 €	2023 €
Táillí Dlí – Feidhmiúlacht chun Cleachtadh	1,645,866	1,837,041
Bainistiú na bPáirtithe Leasmhara agus Cumarsáid leo	88,840	134,117
Táillí Dlí – Ginearálta agus Forfheidhmiú	96,371	141,651
Forbairt Eagraíochta	73,350	2,113
Iniúcháireacht Inmheánach	32,024	19,803
An Coiste Réamhimeachtaí	93,888	208,477
Forbairt Straitéiseach	89,857	57,413
Táillí Cuntasaíochta	81,982	40,268
Seirbhísí Soláthair Straitéisigh	25,875	41,981
Táillí Dlí – Rialáil	24,080	-
Comhairleoir Pinsin	-	5,025
Bainistiú Sláinte agus Sábháilteachta	2,824	15,221
	2,254,957	2,503,110

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais) ar lean

* Mhéadaigh líon na gcásanna faoi Alt 60 go suntasach in 2023. Is ábhar mór imní iad na gearáin seo faoi chláráithe, agus is gá gníomhú/breithniú ina dtaobh láithreach, chun sábháilteacht an phobail a chosaint. Tá na nósanna imeachta a bhaineann leis seo costasach agus casta agus áirítear mar chuid díobh éisteachta os comhair an Choiste Réamh-Imeachta, na Comhairle agus na hArd-Chúirte, b'fhéidir.

10. Sócmhainní Seasta Doláimhsithe

	€
Costas	
Costas amhail ar an 1 Eanáir 2024	254,049
Breiseanna sa bhliain	-
Dímheas Carntha amhail an 1 Eanáir 2024	(254,409)
Dímheas	-
Amhail ar an 31 Nollaig 2024	-

Tháinig córas na Comhairle um Chlárú/Oideachas/Cásbhainistíocht i bhfeidhm i rith 2015. Ba é €254,049 an costas a bhain le forbairt an chórais agus rinneadh an méid sin a chaipitliú agus a amúchadh ansin chuig an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais ina thráthchodanna comhionanna thar shaolré ionchais an chórais.

I gcaitheamh 2023, thabhaigh CORU €192,366 trí fhorbairt agus uasghrádú a dhéanamh ar an gcóras agus i gcaitheamh 2024, thabhaigh CORU €268,472 breise trí fhorbairt agus uasghrádú a dhéanamh ar an gcóras. Bhí an obair forbartha sin ar siúl ar fad amhail an 31 Nollaig 2024.

I bhfianaise forbairtí i gcur chuige maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar Shócmhainní Inláimhsithe a bhaineann le conarthaí óstála bogearraí TFC, tá cinneadh déanta ag CORU gur cheart méideanna a caipitliú roimhe seo a rangú anois mar chonarthaí seirbhíse agus cuntas a thabhairt orthu dá réir sin. Níl aon tionchar ag an athrú seo ar an mbeartas cuntasaíochta ar na cúlchistí ioncaim coinnithe a tuairiscíodh roimhe seo amhail an 31 Nollaig 2023. Mínítear tionchar an athraithe i Nóta 19.

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais) ar lean**11. Sócmhainní Seasta
Inláimhsithe**

	Daingneáin agus Feistis €	Trealamh TF/Oifige €	Trealamh TF/Oifige €	Iomlán €
Costas				
Costas amhail ar an 1 Eanáir 2024	339,640	464,573	1,144,107	1,948,320
Breiseanna sa bhliain	3,536	107,133	-	110,669
Diúscairtí sa bhliain	-	-	-	-
Amhail ar an 31 Nollaig 2024	343,176	571,706	1,144,107	2,058,989
Dímheas				
Díluacháil carntha amhail an 1 Eanáir 2024	325,127	368,927	343,227	1,037,281
Dímheas i leith na bliana	5,962	73,346	57,204	136,512
Diúscairtí sa bhliain	-	-	-	-
Díluacháil carntha amhail an 31 Nollaig 2024	331,089	442,273	400,431	1,173,793
Glanluach na Leabhar				
Amhail ar an 31 Nollaig 2024	12,087	129,433	743,676	885,196
Amhail an 31 Nollaig 2023	14,513	95,646	800,880	911,039

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais) ar lean**12. Infháiltais agus réamhíocaíochtaí**

	2024 €	2023 €
Réamhíocaíochtaí	44,723	265,551
Ioncam Caipitil agus Tionscadail Fabhráithe dlite ón Roinn Sláinte	6,888	84,373
Féichiúnaithe Eile	13,528	-
	65,139	349,924

Is ionann a bheag nó a mhór luachanna córa na bhféichiúnaithe agus na réamhíocaíochtaí agus a suimeanna glanluacha. Tá gach féichiúnaí dlite laistigh de bhliain amháin. Léirítear na féichiúnaithe glan ar lagú i leith fiacha amhrasacha.

13. Méideanna iníochta (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

	2024 €	2023 €
Ioncam larchurtha	1,538,038	1,431,209
Méideanna Fabhráithe	923,520	539,207
ÍMAT	114,975	118,963
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	38,785	45,140
Cárta Creidmheasa	(478)	339
Cáin Bhreisluacha	29,424	34,357
Méideanna iníochta trádála	8,640	6,672
	2,652,904	2,175,887

Tá cáin agus árachas sóisialach faoi réir théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Fabhraítear ús agus cúiteamh ar íocaíocht dhéanach. Ní raibh aon ús dlite ag deireadh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhrúithe bunaithe ar na conarthaí is bonn leo. Na suimeanna eile a áirítear i leith na méideanna iníochta nach bhfuil clúdaithe ag nótaí sonracha maidir le nochtadh, tá siad neamhurraithe, gan ús agus in-aisíochta ar éileamh.

14. Cuntas Caipitil

	2024 €	2023 €
Iarmhéid ag tús na tréimhse	911,040	946,565
Aistriú (chuig an) / ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Cistiú chun sócmhainní seasta a fháil (Nóta 10/11)	110,669	92,189
Maoiniú chun sócmhainní inláimhsithe a fháil (Nóta 10)	-	-
Lúide: An méid a scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainní		
Lúide: Amúchadh i gcomhréir le dímheas	(136,512)	(127,714)
	(25,843)	(32,525)
Iarmhéid ag deireadh na tréimhse	885,196	911,040

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais) ar lean

15. Cóiríocht Oifige

I mí an Mhárta 2017, shínigh an Chomhairle léas 20 bliain le hOifig na nOibreacha Poiblí don dara agus don chúigiú hurlár d'Fhoirgneamh Infinity, Lána Sheoirse, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Bhog an Chomhairle go dtí Foirgneamh Infinity i mí an Mhárta 2018.

Ceangaltais Léasa

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí na híocaíochtaí léasa íosta seo a leanas ag CORU amach anseo:

	Amhail an 31 Nollaig 2024 €	Amhail an 31 Nollaig 2023 €
Iníoctha laistigh de bhliain amháin	708,694	708,694
Iníoctha laistigh de 2 – 5 bliana	2,834,778	2,834,778
Iníoctha tar éis 5 bliana	5,060,876	5,769,570
	8,604,348	9,313,042

16. Ceangaltais Chaipitil na Comhairle

Tá ceangaltais ar CORU i leith tionscadail chaiteachais TFC a bhaineann le nuashonrú an Chórais Clárúcháin/Oideachais/Casbhainistíochta HSCPC. Ag dáta an chláir chomhardaithe, bhí ceangaltais gan íoc ag CORU le haghaidh íocaíochtaí amach anseo ar an tionscadal, agus meastar gurb ionann iad agus €486,262 (lena n-áirítear CBL).

17. Idirbhearta le Páirtithe Bainteacha

Chomhlíon an Chomhairle na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí na Comhairle agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana. Ní dhearnadh aon idirbhearta le linn na tréimhse i ndáil le gníomhaíochtaí na Comhairle a raibh leasanna leasmhara ar bith iontu ag Comhaltaí na Comhairle.

18. Dlíteanais Teagmhasacha

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí an Chomhairle ina páirtí i roinnt cásanna dlí ('cásanna feidhmiúlachta chun cleachtadh' den chuid is mó), agus níltear cinnte cén toradh a bhí orthu fós. Níl an Chomhairle in ann meastachán iontaofa a dhéanamh ar an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag na cásanna seo.

Nótaí *(atá mar chuid de na ráitis airgeadais) ar lean*

19. Coigeartú sa Tréimhse Roimhe Seo

I bhfianaise forbairtí i gcur chuige maidir le cuntasáíocht a dhéanamh ar Shócmhainní Inláimhsithe a bhaineann le conarthaí óstála bogearraí TFC, tá cinneadh déanta ag CORU gur cheart méideanna a caipitlíodh roimhe seo a rangú anois mar chonarthaí seirbhíse agus cuntas a thabhairt orthu dá réir sin. Níl aon tionchar ag an athrú seo ar an mbeartas cuntasáíochta ar na cúlchistí ioncaim coinnithe a tuairiscíodh roimhe seo amhail an 31 Nollaig 2023. Déantar an caiteachas ar bhogearraí atá á óstáil ar an gceadúnú néil a aicmiú ar leithligh anois ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais laistigh de chostais Riaracháin Oifige.

Ós rud é go gceanglaítear leis an mbeartas cuntasáíochta go ndéanfar na míreanna sin a chlárú mar chaiteachas agus gan iad a chaipitliú, tá laghdú €192,366 tagtha ar luach glan na Sócmhainní Inláimhsithe amhail an 1 Eanáir 2024 agus laghdú €192,366 ar an gCuntas Caipitil ag deireadh na bliana mar thoradh ar an gcoigeartú.

20. Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Agus measúnú á dhéanamh ag an gComhairle an bhfuil an bonn gnóthais leanúnaigh oiriúnach, chuir sí réamhaisnéisí agus réamh-mheastacháin airgeadais san áireamh, agus athruithe réasúnta féideartha ar ioncam a fuarthas á gcur san áireamh. Léiríonn na réamhaisnéisí sin go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag CORU lena dliteanais a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite laistigh de dhá mhí dhéag ar a laghad ó dháta formheasa na ráiteas airgeadais seo.

Baineann CORU leas as sruth ioncaim cobhsaí agus athfhillteach a thagann ó tháillí coinneála bliantúla agus maoiniú deontais ón Roinn Sláinte, rud a chuireann bunús láidir ar fáil do shreabhadh airgid amach anseo. Leanfaidh CORU de mhaoiniú Státchiste a éileamh agus a fháil go dtí go mbeidh sí féinmhaoinithe trí tháillí clárúcháin agus táillí eile. Go sonrach, in 2025 tá an fheidhmíocht airgeadais iarbhir dearfach agus barrachas réamh-mheasta ag deireadh na bliana ann os cionn €500,000 do 2025 agus feabhas ar an nglan-dliteanas iomlán go dtí faoi bhun €1m. Tharla sé sin go príomhúil mar gheall ar ioncam táillí i bhfad níos airde a fuarthas, go háirithe ón gclár nua d'oibrithe cúraim shóisialaigh. Mar gheall ar athruithe foirne in 2025 agus roinnt poist fholamha, níor rinneadh dul chun cinn mar a bhí beartaithe le roinnt tionscadal buiséadaithe. Mar thoradh air sin, níor úsáideadh an leithdháileadh buiséid iomlán. Táthar ag súil go ndéanfar dul chun cinn ar na tionscadail sin in 2026. Leanfaidh an Roinn Sláinte ag obair go dlúth le CORU maidir lena riachtanais mhaoinithe.

Bunaithe ar an athbhreithniú seo, tá an Chomhairle tar éis a dhéanamh amach go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag CORU le leanúint ar aghaidh i mbun oibre go ceann i bhfad agus lena dliteanais a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite. Dá réir sin, ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhunús an ghnóthais leantaigh.

21. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Chomhairle na Ráitis Airgeadais ar an 04 Nollaig 2025.

Nótaí

Nótaí



Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health +
Social Care Professionals